

Lámhleabhar do Choistí Gairmoideachais
agus do
Bhoird Bhainistíochta
Scoileanna agus Coláistí Pobail

An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
Irish Vocational Education Association

Lámhleabhar do Choistí Gairmoideachais
agus do
Bhoird Bhainistíochta
Scoileanna agus Coláistí Pobail

**Lámhleabhar do Choistí Gairmoideachais agus do Bhoird Bhainistíochta
Scoileanna agus Coláistí Pobail**

Clár an Ábhair		1
Brollach		6
Réamhrá		7
Cuid a hAon: An Coiste Gairmoideachais mar Phátrún Scoile		
1. Pátrún Scoile/Coláiste		9
2. Feidhmeanna Scoile/Coláiste		9
3. Aitheantas Scoile/Coláiste		11
4. Aitheantais a Tharraingt Siar		12
5. Maoiniú Bliantúil		12
6. An Chigireacht		12
7. Bunú Boird		12
8. Tréimhse Oifige Boird		14
9. Feidhmeanna Boird		14
10. Díscáoileadh ag an gCGO		16
11. Díscáoileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire		17
12. Miontuairiscí		17
13. Rúndacht		17
14. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Nósanna Imeachta an Bhoird		18
15. Airgeadas		18
16. Áitreabh agus Trealamh		19
17. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird		20
18. Ceapachán Foirne		20
19. Árachas		21
20. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta eile		22
21. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí		22

Cuid a Dó: Bord Bainistíochta Scoile		
(A) Ionstraim Bhainistíochta		
1. Feidhmeanna Scoile		23
2. An Chigireacht		24
3. Bunú Boird		24
4. Ballraíocht Bhoird		26
5. Tréimhse Oifige Boird		26
6. Folúntas i mBallraíocht Bhoird		26
7. Foirceannadh Ballraíochta		27
8. Córam i gcomhair Cruinnithe Boird		27
9. Feidhmeanna Boird		27
10. Díscáileadh ag an gCGO		28
11. Díscáileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire		29
12. Cathaoirleach Boird		30
13. Rúnaí Boird		30
14. Cruinniú Boird		30
15. Cruinniú a Thionól		31
16. Miontuairiscí		31
17. Rúndacht		31
18. Vótáil		31
19. Comhaltaí Boird nach bhfuil leas airgeadais acu sa Scoil		31
20. Rúin a Chealú		32
21. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Nósanna Imeachta an Bhoird		32

(B) Airteagail Bhainistíochta		
1. Stádas agus Feidhm an Bhoird		33
2. Airgeadas		33
3. Tuairisceáin		34
4. Áitreabh agus Trealamh		34
5. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird		35
6. Tuarascáil agus Eolas		35
7. An Plean Scoile		36
8. Ceapachán Foirne		36
9. Feidhmeanna an Phríomhoide agus na Múinteoirí		37
10. An Príomhoide		38
11. Scéim Oideachais		39
12. Eagrú agus Curaclam a Stiúradh		39
13. Comhairle Foirne		39
14. Cruinnithe Foirne		39
15. Eagrú Inmheánach agus Smacht		40
16. Seirbhísí Tacaíochta an CGO		40
17. Cleachtadh agus teagasc reiligiúin		40
18. Árachas		40
19. Cumann na dTuismitheoirí		41

20. Eolas do Mhic Léinn agus do Chomhairle na Mac Léinn	42
21. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta eile	42
22. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí	43
23. Curaclam	43
24. Múineadh trí Ghaeilge	44
25. Míbhuntáiste Oideachais	44
26. Riachtanais Speisialta Oideachais	44
27. Oifigeach Leasa Oideachais	44
28. Iontráil Mhic léinn sa Scoil	45
29. Taifid Tinreamh Scoile	45
30. Straitéisí maidir le Tinreamh Scoile	45
31. Cód Iompair	45
32. Mac Léinn a dhíbirt as Scoil Aitheanta	46

Cuid a Trí: Bord Bainistíochta Coláiste Phobail

(A) Ionstraim Bhainistíochta

1. Feidhmeanna Coláiste	47
2. An Chigireacht	48
3. Bunú Boird	48
4. Ballraíocht Bhoird	49
5. Tréimhse Oifige Boird	50
6. Folúntas i mBallraíocht Bhoird	50
7. Foirceannadh Ballraíochta	50
8. Córam i gcomhair Cruinnithe Boird	50
9. Feidhmeanna Boird	51
10. Díscáoileadh ag CGO	52
11. Díscáoileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire	53
12. Cathaoirleach Boird	54
13. Rúnaí Boird	54
14. Cruinniú Boird	54
15. Cruinniú a Thionóil	54
16. Miontuairiscí	55
17. Rúndacht	55
18. Vótáil	55
19. Comhaltaí Boird nach bhfuil leas airgeadais acu sa Choláiste	55
20. Rúin a Chealú	55
21. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Nósanna Imeachta an Bhoird	56

(B) Airteagail Bhainistíochta		
1. Stádas agus Feidhm an Bhoird		57
2. Airgeadas		57
3. Tuairisceáin		58
4. Áitreabh agus Trealamh		58
5. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird		59
6. Tuarascáil agus Eolas		60
7. An Plean Scoile		60
8. Ceapachán Foirne		60
9. Feidhmeanna an Phríomhoide agus na Múinteoirí		61
10. An Príomhoide		62
11. Scéim Oideachais		63
12. Eagrú agus Curaclam a Stiúradh		63
13. Comhairle Foirne		63
14. Cruinnithe Foirne		63
15. Eagrú Inmheánach agus Smacht		64
16. Seirbhísí Tacaíochta an CGO		64
17. Cleachtadh agus teagasc reiligiúin		64
18. Séiplíneach		64
19. Árachas		64
20. Cumann na dTuismitheoirí		65
21. Eolas do Mhic Léinn agus do Chomhairle na Mac Léinn		66
22. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta eile		66
23. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí		67
24. Curaclam		67
25. Múineadh trí Ghaeilge		68
26. Míbhuntáiste Oideachais		68
27. Riachtanais Speisialta Oideachais		68
28. Oifigeach Leasa Oideachais		68
29. Iontráil Mhic léinn sa Scoil		69
30. Taifid Tinreamh Scoile		69
31. Straitéisí maidir le Tinreamh Scoile		69
32. Cód Iompair		69
33. Mac Léinn a dhíbirt as Scoil Aitheanta		70

Aguisíní		
(i) Nósanna Imeachta Roghnúcháin do Phoist i Scoileanna		71
(ii) Nósanna Imeachta Roghnúcháin do Phoist i gColáistí		99
(iii) Baili an Ghrúpa Oibre		129

BROLLACH LEIS AN AIRE OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

Cuireann sé áthas orm baint a bheith agam leis an Lámhleabhar seo do Choistí Gairmoideachais agus do Bhoird Bhainistíochta Scoileanna agus Coláistí Pobail atá faoin gComhaontú Eiseamláireach.

Tá athruithe nach beag tagtha ar earnáil an oideachais le roinnt blianta anuas, rud a léiríonn líon agus réimse na n-athruithe reachtúla a tugadh isteach. Orthu siúd a áirítear an tAcht Oideachais, 1998 agus an tAcht Gairmoideachais (Leasú), 2001, agus níl anseo ach cúpla ceann. Tugann an Lámhleabhar seo réimse ollmhór eolais le chéile in aon cháipéis amháin, agus tugann don léitheoir radharc atá éasca le tuiscint ar na freagrachtaí agus ar na feidhmeanna ag leibhéal dhifriúla in earnáil na gCGO.

Beidh an Lámhleabhar ina chúnaimh mór go gach aoinne ag a bhfuil baint le Boird Bhainistíochta san earnáil Ghairmoideachais agus laistiar de. Ba cheart moladh a thabhairt don Chumann Gairmoideachais in Éirinn as an Lámhleabhar a thiomsú agus a fhoilsiú ag an tráth seo. Beidh sé ina phointe tagartha fíor-áisiúil, go háirithe do Choistí Gairmoideachais, do bhaill Bhoird Bhainistíochta agus do thuismitheoirí agus d'fhoireann scoileanna, chomh maith.

Máire Ní Ainifin, T.D.

Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Réamhrá

Is é atá i gceist leis an lámhleabhar seo ná go mbeadh sé ina chúnamh dóibh siúd ag a bhfuil baint le Coistí Gairmoideachais agus le boird bhainistíochta scoileanna CGO agus coláistí pobail. Bíodh is gurb é CGO an comhlacht corpraithe do gach scoil agus do gach coláiste a bunaíodh agus atá á chothú faoina phátrúnacht faoin reachtaíocht ábhartha, tarmligeann sé mórán freagrachtaí agus feidhmeanna cuí ag leibhéal dhifriúla san earnáil. Is iomchuí é seo, go háirithe i bhfianaise na reachtaíochta a tugadh isteach le déanaí agus a imríonn tionchar díreach nó neamhdhíreach ar oideachas ag an dara leibhéal.

Tá an lámhleabhar roinnte ina thrí chuid. I gCuid a hAon tugtar liosta na bhfeidhmeanna agus na ndualgas atá ar CGO agus é ag feidhmiú mar phátrún ar scoileanna CGO agus ar choláistí pobail. I gCuid a Dó agus i gCuid a Trí leagtar amach feidhmeanna agus dualgais na mbord scoile agus na mbord coláiste faoi seach. Cuimsíonn na boird ionadaithe na bpáirtnéirí agus an lucht leasa sa phróiseas oideachais. Tugtar roinnt ceannteidil níos mó ná uair amháin i gCuid a hAon den lámhleabhar ar an taobh amháin agus i gCuid a Dó agus i gCuid a Trí ar an taobh eile, rud a léiríonn gurb ionann, nach mór, leasa comhlacht pátrúnachta an CGO agus leasa na mbord ag leibhéal áitiúil, agus na feidhmeanna comhlántacha a chomhlíonann siad araon, chomh maith. Tugtar breac-chuntas ar fheidhmeanna bainistíochta atá faoi shainchúram an CGO sna rannáin ina bpléitear fostaíocht agus ceapachán foirne, freagracht as cúrsaí airgeadais agus achomhairc faoi Rannán 29. Leagtar amach feidhmeanna bainistíochta na mbord ina gcuid téarmaí tagartha.

Táthar ag súil go mbeidh an lámhleabhar seo ina bhall lárnach i gceart na dtreoirínte agus na nósanna imeachta don earnáil agus ina thaobh seo ba cheart é a léamh i dteannta an Chóid Rialachais Chorporáidigh do CGO agus é a thuiscint ina chomhthéacs sin. Ba cheart a rá áfach, nach bhfuil sa leabhar seo ach roghbhlúire na bhfeidhmeanna agus na ndualgas de réir rialachán agus nósanna imeachta faoi mar atá siad ag an am a fhoilsítear é. Gabhfar tuilleadh foráis agus leasaithe de lámh ó am go chéile de réir mar a thiocfaidh saincheisteanna nua nó impleachtaí chun cinn ón reachtaíocht.

Maidir le comhthéacs níos ginearálta d'fhéadfadh tosca a bheith ann ina mbeadh eolas ag teastáil faoin tslí cheart ina dhéantar an scoil / an coláiste áitiúil a bhainistiú. Tá dóchas againn go mbeidh an lámhleabhar seo ina chúnamh ina thaobh seo chomh maith.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt thar ceann an CGOÉ don obair mhór chruinn a dhein an Grúpa Oibre faoina gcathaoirleach Seán Burke, Uas., chun an cháipéis seo a ullmhú agus a fhorbairt. Tá aitheantas agus buíochas tuillte ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, leis, as an gcúnamh agus as an tacaíocht a thug siad dúinn.

Mary Bohan, Uachtarán CGOÉ.

Úsáidtear na téarmaí agus na giorrúcháin seo a leanas sa lámhleabhar seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl:

Ciallaíonn ‘bord’ bord bainistíochta scoile nó coláiste de chuid CGO;

Ciallaíonn ‘POF’ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an CGO;

Ciallaíonn ‘coláiste’ Coláiste Pobail faoin gComhaontú Eiseamláireach;

Ciallaíonn ‘Leas-phríomhoide’ Leas-phríomhoide scoile nó coláiste;

Ciallaíonn ‘ROE’ an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;

Ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Oideachais agus Eolaíochta;

Ciallaíonn ‘tuismitheoir’ tuismitheoir de réir an tsainmhínithe a thugtar san Acht Oideachais, 1998;

Ciallaíonn ‘Príomhoide’ Príomhoide scoile nó coláiste;

Ciallaíonn ‘scoil’ scoil de chuid an CGO;

Ciallaíonn ‘mac léinn’ duine atá cláraithe i scoil nó i gcoláiste

Ciallaíonn ‘Údarás Inniúil Crábhaidh’ Údarás mar seo laistigh de dheoise áirithe nó laistigh de cheantar ábhartha;

Ciallaíonn ‘ARC&C’ Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste;

Ciallaíonn ‘CGO’ nó ‘an Coiste’ Coiste Gairmoideachais;

Ciallaíonn ‘ASTC’ Aonad Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Gairmoideachais;

Ciallaíonn ‘scoile aitheanta’ scoil/coláiste atá aitheanta ag an Aire de réir ailt 10 an Achta Oideachais, 1998.

Tiomsaíodh an leabhar seo faoi threoir na bhforálacha seo a leanas agus cuireadh i gcuntas iad de réir mar ba chúí:

- Na hAchtanna Oideachais Ghairme Beatha, 1930 go dtí 2001
- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht Oideachais (Leasa), 2000
- Ag foghlaim ar feadh an tsaoil: Páipéar Bán um Oideachas Aosach (2000)
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanas Speisialta Oideachais (2004)
- Cód Rialachais Chorpáidigh do CGO (Imlitir F11/05)
- Cáipéis Eolais de chuid an CGOÉ chun Cabhrú le Boird Roghnúcháin
- Imlitreacha na ROE
- Reachtáíocht a bhaineann le cúrsaí fostaíochta
- Reachtáíocht ábhartha eile, m.sh. Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Sonraí, Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, 7rl.

Cuid a hAon

An Coiste Gairmoideachais mar Phátrún Scoile

Faoi mar a míníodh go gairid sa Réamhrá is é a pléitear sa chuid seo den lámhleabhar ná na dualgais a bhíonn ar an gCoiste Gairmoideachais le linn dó a bheith ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna agus ag feidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó leis an reachtaíocht oideachais.

1. Pátrún Scoile/Coláiste

(1) De réir ailt 8 (4) an Achta Oideachais, 1998, i gcás scoile nó coláiste a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag coiste gairmoideachais, is é an coiste sin pátrún na scoile chun críocha an Achta seo agus comhallfaidh sé feidhmeanna uile an phátrúin de réir mar atá leagtha amach sa reachtaíocht seo agus i reachtaíocht ábhartha eile.

(2) Forálann alt 8 (6) go bhféadfar beirt nó níos mó a chláru mar chomhphátrúin más rud é go mbeidh beirt nó níos mó ag feidhmiú feidhmeanna pátrúin.

(3) Leagann alt 8 (6) amach go gcomhallfaidh pátrún scoile na feidhmeanna, agus feidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí, a thugtar don phátrún leis an Acht seo agus cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don phátrún le haon Acht den Oireachtas nó le haon ionstraim arna déanamh faoin gcéanna, nó le haon ghníomhas, cairt, airteagail bhainistíochta nó ionstraim eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile/coláiste.

(4) Comhlíonfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin feidhmeanna feidhmiúcháin an CGO agus an CGO ina phátrún, de réir ailt 12 agus 15 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

2. Feidhmeanna Scoile/Coláiste

(1) De réir ailt 9 an Achta Oideachais, 1998, cuirfidh scoil/coláiste aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfídh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

(a) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais oideachais gach mic léinn, lena n-áirítear iad sin atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, a shainaitheint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,

(b) chun a chinntiú, maidir leis an oideachas a chuireann sí ar fáil, go ndéanann sé freastal ar cheanglais an bheartais oideachais mar a chinnfidh

an tAire é ó am go ham, lena n-áirítear ceanglais i dtaca le soláthar curaclaim mar a fhorordóidh an tAire,

(c) chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme,

(d) chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainsiúil na scoile/an choláiste,

(e) chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do mhic léinn agus d'fhoireann na scoile/an choláiste, idir fhireannaigh agus bhaineannaigh,

(f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn,

(g) chun a chinntiú go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí mic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an mac léinn, ar thaifid a choimeádann an scoil/coláiste sin i ndáil le dul chun cinn an mhic léinn sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas,

(h) i gcás scoileanna/coláistí atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,

(i) chun a cuid gníomhaíochtaí a sheoladh de réir aon rialachán a dhéanfaidh an tAire ó am go ham,

(j) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d'fheidhmeanna bainistíochta agus riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa scoil/choláiste a shainithint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,

(k) chun córais a bhunú agus a chothabháil lena bhféadfar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú, lena n-áirítear cáilíocht agus éifeachtacht na múinteoireachta sa scoil/choláiste agus leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla mac léinn,

(l) chun teagmhálacha a bhunú nó a chothabháil le scoileanna eile agus ag leibhéil chuí eile ar fud an phobail dá bhfónann an scoil/coláiste, agus

(m) faoi réir an Achta seo agus go háirithe alt 15 (2)(d), chun beartas i dtaca le ligean isteach a bhunú agus a chothabháil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an scoil/gcoláiste,

(n) chun deiseanna oideachais do dhaoine a chónaíonn sa cheantar a chur chun cinn a mhéid agus is indéanta le réasún de réir beartais náisiúnta i ndáil le foghlaim fhad-shaoil.

3. Aitheantas Scoile/Coláiste

(1) De réir ailt 10 (1) an Achta Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire ó am go ham, ar iarraidh chuige sin a bheith déanta ag an bpátrún, scoil/coláiste nó scoil/coláiste b(h)eartaithe a ainmniú chun bheith ina scoil/coláiste atá aitheanta chun críocha an Achta seo.

(2) De réir ailt 10 (2) an Achta Oideachais, féadfaidh an tAire scoil/coláiste nó scoil/coláiste b(h)eartaithe a ainmniú chun bheith ina scoil/coláiste atá aitheanta chun críocha an Achta seo i gcás inar deimhin leis an Aire, ar iarraidh chuige sin a bheith déanta ag pátrún scoile nó scoile beartaithe

(a) mar gheall ar líon na mac léinn atá nó is dócha a bheidh ag freastal ar an scoil/coláiste, gur scoil/coláiste inmharthana atá nó is dócha a bheidh inti,

(b) i gcás scoile/coláiste b(h)eartaithe, agus ag féachaint dá inmhianaithe atá sé go mbeadh aicmí éagsúla scoileanna ag oibriú sa limistéar ar dócha go mbeidh an scoil/coláiste ag fónamh dó, nach féidir le réasún leis na scoileanna/coláistí atá ann cheana féin riar ar riachtanais na mac léinn a bheidh ag freastal, nó is dócha a bheidh ag freastal, ar an scoil/coláiste,

(c) go ngeallann an pátrún go gcuirfidh an scoil an curaclam arna chinneadh de réir alt 30 an Achta ar fáil,

(d) go gcomhaontaíonn an pátrún cigireacht agus meastóireacht rialta ag an gCigireacht a cheadú agus comhoibriú leis an gcéanna,

(e) go gcomhlíonann an scoil/coláiste nó, i gcás scoile/coláiste b(h)eartaithe, go gcomhlíonfaidh an scoil/coláiste caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus tógála de réir mar a chinntear le dlí, agus aon chaighdeáin bhreise den sórt sin a chinnfidh an tAire ó am go ham, agus

(f) go gcomhaontaíonn an pátrún go n-oibreoidh an scoil/coláiste de réir cibé rialachán a dhéanfaidh an tAire ó am go ham faoi alt 33 an Achta agus de réir an Achta seo agus de réir aon téarmaí agus coinníollacha eile a bheidh ag gabháil, le réasún, le haitheantas ón Aire.

(3) Forálann alt 10 (3) go measfar gur scoil í atá aitheanta de réir an ailt seo aon scoil a bheidh, ag tosach feidhme an ailt seo, ag fáil cistí a sholáthraíonn an tOireachtas—

(a) i leith na ngníomhaíochtaí oideachais do mhic léinn na scoile sin, nó

(b) i leith luach saothair múinteoirí sa scoil sin,

(4) De réir ailt 10 (4) féadfaidh an tAire ó am go ham áit a ainmniú chun bheith ina lárionad oideachais.

4. Aitheantas a tharraingt siar

Forálann Alt 11 an Achta Oideachais, 1998 do nós imeachta chun aitheantas scoile/coláiste a tharraingt siar agus a thabhairt ar ais.

5. Maoiniú Bliantúil

De réir ailt 12 (4) an Achta Oideachais, 1998 tabharfaidh an tAire leithdháileadh airgeadais don CGO do scoileanna/coláistí a bunaíodh agus atá á gcothabháil ag an CGO. Ina dhiaidh sin tabharfaidh an CGO leithdháiltí cistiúcháin cuí do scoileanna/coláistí aitheanta.

6. An Chigireacht

Beidh feidhm ag forálacha ailt 13 an Achta Oideachais, 1998, de réir mar is cuí, maidir le scoileanna/coláistí atá faoi phátrúnacht an CGO.

7. Bunú Boird

(1) Is é an CGO an comhlacht corpraithe do gach scoil/coláiste a bunaíodh nó atá á gcothabháil faoina phátrúnacht de réir ailt 7 an Achta Oideachais Ghairme Beatha, 1930 agus de réir ailt 14 (2) an Achta Oideachais, 1998.

(2) Is é dualgas an CGO agus é ina phátrún chun a chinntiú go ndéanfar gach scoil/coláiste dá chuid a bhainistiú le meon comhpháirtíochta, bord a cheapadh gur comhaontaíodh a chomhdhéanamh idir na CGO, cumainn náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile, ceardchumainn aitheanta agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus an tAire.

(3) Bunófar bord atá comhdhéanta de réir mar a foráiltear sna hionstraimí agus sna hailt bainistíochta, faoi Chuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus faoi alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(4) I gcás boird a bunaíodh faoi Chuid IV Achta na bliana 1998 agus faoi alt 31 (1) Achta na bliana 2001, ní bheidh níos mó ná 12 chomhalta air agus is féidir le cuid de na comhaltaí a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist agus le cuid eile gan a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist.

(5) Is é an CGO a cheapfaidh comhaltaí an bhoird go foirmiúil ina cháil mar phátrún na scoile/coláiste.

(6) Déanfar comhaltaí nua boird a ainmniú agus a thoghadh 14 lá féilire ar a laghad, roimh dháta éagtha na tréimhse oifige atá ag an mbord reatha agus rachaidh bord atá comhdhéanta dá réir i mbun oifige ar an dáta éagtha sin láithreach. Má thoghtar CGO nua, áfach, beidh éifeacht ag bord nua ar a bheith comhdhéanta ag CGO dá shórt. Beidh na socruithe seo de réir na nósanna imeachta sna hionstraimí agus sna hairteagail bhainistíochta faoi seach gach uile thráth.

(7) Beidh comhaltaí reatha nó iarchomhaltaí cáilithe chun a n-ainmnithe nó chun a dtofa ar choinníoll gur choinnigh siad a gcuid cáilíochtaí maidir le hainmniú nó toghchán dá shórt.

(8) Déanfaidh an tAire, le comhaontú an CGO, cumann náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus ceardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí, nithe a fhorordú a bhaineann le ceapachán boird.

(9) Le linn don CGO ceapacháin a dhéanamh chuig bord a bhunófar de réir Coda IV Achta na bliana 1998, agus ailt 31 Achta na bliana 2001, déanfaidh sé de réir ordachán a bheidh tugtha ag an Aire i ndáil le cothromaíocht chúí inscne.

(10) Faoi mar a fhoráiltear in Acht na bliana 1998 alt 14(7) agus sna hAchtanna Oideachais Ghairme Beatha 1930-2001, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna thuas nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCGO.

(11) I gcás go gcinneadh an CGO nach bhfuil sé indéanta bord a cheapadh de réir Coda IV Achta na bliana 1998 agus de réir ailt 31 Achta na bliana 2001, cuirfidh an CGO an méid sin agus na cúiseanna a bhí leis in iúl, tráth an chinnidh sin, do thuismitheoirí mac léinn, do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile na scoile/coláiste agus don Aire agus, dá éis sin, mura gceapfar bord amhlaidh, déanfaidh an CGO, ó am go ham nó de réir mar a iarrfaidh an tAire, na cúiseanna atá leis sin a chur in iúl do na thuismitheoirí, do na múinteoirí agus don fhoireann eile, agus don Aire.

8. Tréimhse Oifige Boird

(1) Measfar go mbíonn tréimhse oifige boird scoile/coláiste istigh de ghnáth ar an 30ú lá de mhí Mheáin Fhómhair sa tríú bliain tar éis don bhord nua dul i mbun oifige, é sin, nó leanfaidh sí le linn tréimhse oifige an CGO, pé acu is giorra.

(2) Beidh na comhaltaí a ainmníodh agus a toghadh de réir na n-ionstraimí agus de réir na n-airteagal bainistíochta ina gcomhaltaí ar feadh tréimhse oifige boird ach amháin mar a fhorordaítear in ailt 10 agus 11 thíos, agus i gCuid a Dó, (A), alt 7, agus i gCuid a Trí, (a), alt 7.

9. Feidhmeanna Boird

(1) Is é dualgas boird an scoil/coláiste a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.

(2) Tá breac-chuntas tugtha ar fheidhmeanna bainistíochta an CGO i gCuid a hAon an Lámhleabhair seo san ionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta.

(3) Glacfaidh bord an scéim oideachais i gcomhair na scoile/coláiste laistigh d'acmhainní faofa i ngach bliain agus beidh deis aige cur le seirbhís agus pleananna oideachais an CGO.

(4) Comhallfaidh bord na feidhmeanna a tugadh dó ag Cuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus ag a stádas mar fhochoiste an CGO de réir ailt 31 faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001. Le linn do bhord a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh -

(a) déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,

(b) déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile/coláiste, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile/coláiste agus is saintréithe den scoil/choláiste, a chosaint agus beidh sé cuntasach don CGO as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile/an choláiste,

(c) rachaidh sé i gcomhairle leis an CGO agus coinneoidh sé ar an eolas é maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird, agus gníomhóidh sé de réir feidhmeanna bainistíochta an bhoird ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo agus sna hionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta ábhartha,

(d) foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mbord agus leis an CGO a bheith cuí, beartas na scoile/an choláiste i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil/coláiste, lena n-áirítear beartas na scoile/an choláiste i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil/choláiste is rogha leis na tuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile/an choláiste agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,

(e) beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,

(f) beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil deontas a chuireann an CGO ar fáil chun sochair do mhic léinn sa scoil/choláiste), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile/an choláiste agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don CGO, go háirithe mar a fhoráiltear sna hairteagail bhainistíochta ábhartha agus i nósanna imeachta an CGO, don fhoireann agus don phobal dá bhfónann an scoil/coláiste, agus,

(g) úsáidfidh sé na hacmhainní a chuirfear ar fáil don scoil/choláiste as airgead a sholáthróidh an CGO chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é agus le ceadú an CGO roimh ré, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.

(5) Déanfaidh bord socruithe i gcomhair athbhreithnithe, glactha, leasaithe (más cuí) an phlean scoile reatha a luaithe is féidir tar éis a cheaptha, é sin nó déanfaidh sé socruithe i gcomhair ullmhúcháin phlean (dá ngairtear “an phlean scoile” i gCuid a Dó, (B), alt 7 agus i gCuid a Trí, (B), alt 7) agus cinnteoidh sé go ndéanfar an phlean a athbhreithniú agus a leasú go rialta.

(6) Chun amhras a sheachaint ní thabharfaidh aon ní agus ní mheasfaidh go dtabharfaí aon ní sna hairteagail seo aon cheart do bhord thar thalamh nó thar fhoirgnimh na scoile/an choláiste ná haon leas do bhord i dtalamh nó i bhfoirgnimh na scoile/an choláiste as a bhfuil an bord freagrach.

10. Díscaoileadh ag an gCGO

(1) Faoi réir an ailt seo agus thoilíú an Aire, féadfaidh an CGO

- (a) ar chúiseanna maithe bailí, a shonrófar i scríbhinn do chomhalta de bhord, an comhalta sin a chur as an oifig sin, nó
- (b) más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, an bord sin a dhíscaoileadh.

(2) Más rud é go mbeartaíonn CGO comhalta boird a chur as an oifig sin nó bord a dhíscaoileadh, cuirfidh an CGO in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don chomhalta sin nó don bhord sin go bhfuil ar intinn ag an CGO é sin a dhéanamh agus na cúiseanna atá leis.

(3) Más rud é, ag deireadh tréimhse míosa amháin tar éis dháta an fhógra dá bhforáiltear i bhfo-alt (2), go mbeidh an CGO, tar éis aon uiríll a bheidh déanta chuige ag an gcomhalta nó ag bord, nó thar ceann ceachtar acu, a bhreithniú, fós den tuairim gur ceart an comhalta a chur as oifig nó gur ceart an bord a dhíscaoileadh, ansin féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire agus trí fhógra i scríbhinn ina sonrófar a tuairim agus na cúiseanna atá léi, an comhalta a chur as oifig nó an bord a dhíscaoileadh, de réir mar is cuí de bhun ailt 16 an Achta Oideachais, 1998, agus de bhun ailt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(4) Déanfar cóip de gach fógra a eiseofar faoin alt seo agus aon uiríll a dhéanfar chuig an gCGO a sheachadadh ar an Aire a luaithe is féidir tar éis é a dhéanamh.

(5) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord, féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire, aon duine nó aon chomhlacht daoine is cuí leis an gCGO a cheapadh chun feidhmeanna an bhoird a chomhlíonadh.

(6) I gcás ina gcuirfidh an CGO comhalta de bhord as oifig, déanfar an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 14 (6) an Achta Oideachais, 1998, agus de réir mar a fhoráiltear faoi alt 31 (1) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(7) Déanfaidh an CGO socrú, de réir ailt 16 (7) Achta na bliana 1998 chun bord a athbhunú faoi alt 31 Achta na bliana 2001, tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an díscaoilte nó cibé tréimhse is faide ná sin is cuí leis an CGO, le toiliú an Aire, agus nuair a bheidh an bord nua bunaithe, déanfar feidhmeanna an bhoird dhíscaoilte a athdhísiú don bhord nua agus scoirfidh na feidhmeanna sin de bheith ina bhfeidhmeanna de chuid an duine nó an chomhlachta daoine, más ann, a cheapadh faoi fho-alt (5).

11. Díscaoileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire

(1) Más rud é

- (a) gur deimhin leis an Aire nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, nó
- (b) go bhfailleoidh bord go toiliúil aon ordú, ordachán nó rialachán ón Aire arna thabhairt nó arna dhéanamh faoin Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh, nó
- (c) go mainneoidh bord aon bhreithiúnas nó ordú ó aon chúirt dlínse inniúla a chomhlíonadh,

féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an CGO an bord a dhíscaoileadh ar chúiseanna a shonrófar san fhógra sin agus díscaoilfidh an CGO an bord dá réir sin a luaithe is féidir tar éis dháta an fhógra sin, de réir ailt 17 Achta na bliana 1998, agus de réir ailt 31 (8) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú) 2001.

(2) Sula seirbheálfadh an tAire fógra mar a fhoráiltear i bhfo-alt (1), cuirfidh sé nó sí in iúl don bhord agus don CGO go bhfuil ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh agus breithneoidh sé nó sí aon uirill a bheidh déanta chuige nó chuici ag an mbord nó ag an gCGO, nó thar ceann ceachtar acu, laistigh de mhí amháin ón méid sin a chur in iúl don bhord agus don CGO.

(2) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord faoin alt seo, beidh feidhm ag fo-ailt (5) agus (7) d'alt 16 an Achta Oideachais, 1998 agus ag fo-alt 1(a) d'alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

12. Miontuairiscí

Coinneoidh an rúnaí miontuairiscí ar imeachtaí an bhoird. Beidh na miontuairiscí ar oscailt le hiniúchadh ag an Aire agus ag an CGO agus cuirfidh rúnaí boird cóip de dhréacht na miontuairiscí ar imeachtaí cruinnithe den sórt sin i teannta cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe bhoird roimhe sin lenar glacadh, chuig an CGO, agus i gcás Coláiste faoi Chomhaontú Eiseamláireach, chuig an Easpaig/páirtneir iontaobhaí an Chomhaontaithe Eiseamláirigh, laistigh de sheacht lá tar éis gach cruinnithe bhoird.

13. Rúndacht

Tá gá le rúndacht maidir le gnóthas an bhoird bhainistíochta agus ní cead gnóthas an bhoird a nochtadh go poiblí gan údarás ón mbord sin. Maidir leis seo, moltar do bhoird beartas a fhorbairt chun déileáil le nithe íogair, m. sh. d'fhéadfadh go gcinneadh bord tuarascáil chomhaontaithe ar chruinniú a eisiúint.

14. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Nósanna Imeachta an Bhoird

(1) Ar ócáid a bhunaítear scoil/coláiste tionólfaidh an GCO an chéad chruinniú boird laistigh de mhí amháin tar éis don bhord a bheith bunaithe.

(2) Ar ócáid a bhunaítear scoil/coláiste nuair nach bhfuil gach comhalta den bhord tofa/ainmnithe go fóill, feidhmeoidh na comhaltaí mar bhord iomlán faoi chathaoirleach sealadach go dtí go mbeidh bord iomlán bunaithe. Nuair a bheidh ballraíocht an bhoird iomlán toghfar cathaoirleach.

(3) Ní bheidh imeachtaí boird neamhbhailí de dheasca folúntais ina bhballraíocht nó de dheasca aon easnaimh i dtoghchán, i gceapachán nó i gcáilíocht aon chomhalta le haghaidh ballraíochta den bhord sin.

15. Airgeadas

(1) Déanfar gnóthaí airgeadais scoile/coláiste a bhainistiú agus a sheoladh de réir an dlí, de réir an Chóid um Rialachas Corparáideach, rialachán, nósanna imeachta agus treoirlínte sárchleachtas de réir mar a leagtar amach ag an ROE agus ag an CGO. Beidh aird ag an gCGO ar na moltaí a thugann an ASTC (Aonad Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Gairmoideachais).

(2) Coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar theacht isteach agus ar chaitheamh an airgid go léir atá dlite do/faighte agus caite aige, de réir aon treorach a thug an CGO dó. Cinnteoidh an CGO sé go ndéanfaidh bord, i ngach bliain, ioncam agus caiteachas a thuairisciú agus a dheimhniú de réir an chleachtas cuntasáíochta is fearr agus i bhformáid atá sainithe ag an gCGO.

(3) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire, ag an gCGO, ag an ASTC, ag an ARC&C (Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste) agus sa mhéid a fhoráiltear san Acht Oideachais, 1998, 18 (2), ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil/coláiste.

(4) Coimeádfaidh bord na cuntais go léir de réir na dtreoracha a thugann an CGO. Cuirfidh bord meastachán, i pé fhoirm a theastódh, ar ioncam agus ar chaiteachas atá ag teastáil don bhliain airgeadais dar gcionn faoi bhráid an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin roimh an 31ú lá de Bhealtaine nó roimh dháta arna shainiú ag an gCGO i ngach bliain. Cuimseoidh scéim airgeadais bhliantúil agus plean seirbhíse an Choiste soláthar cuí de réir deáchleachtas rialachais chorparáidigh agus cuirfear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é.

(5) Ar leithdháileadh bliantúil airgid na Roinne a fháil dó leithdháilfidh an CGO buiséad ar an scoil/gcoláiste. Déanfaidh bord caiteachas an bhuiséid fhaofa a phleanáil agus déanfaidh sé maoirseacht air faoi réir go gcomhlíonfar na rialacháin agus na nósanna imeachta mar atá siad leagtha síos ag an gCGO/ROE. Ní ghabhfaidh bord thar an méid atá ceadaithe faoi aon cheann in aon bhliain gan chead roimh ré ón CGO, agus comhlíonfaidh sé gach treoir a d'fhéadfadh an CGO a thabhairt ó am go ham maidir le gach cuntas, taifead airgeadais agus ráiteas.

(6) Soláthróidh an CGO, ó am go ham, airgead le haghaidh an chuntais mhionairgid go huasmhéid a comhaontaíodh le bord. Tabharfaidh bord údarás do Phríomhoide chun íocaíochtaí mionairgid a dhéanamh thar ceann na scoile/an choláiste de réir nósanna imeachta airgeadais an CGO.

(7) Íocfaidh an CGO tuarastail foireann múinteoireachta údaraithe lánaimseartha agus páirtaimseartha na scoile/an choláiste agus tuarastail na foirne scoile/coláiste nach bhfuil i mbun múinteoireachta de réir rialachán na ROE agus na nósanna imeachta a d'fhorordaigh an CGO. Cinnteoidh bord go gcuirfear gach tuairisceán faoi thinrimh/neamhláithreachtaí faoi bhráid an CGO de réir na dtreoracha agus na namscálaí arna eisiúint ag an gCGO.

16. Áitreabh agus Trealamh

(1) Beidh an CGO freagrach as tógáil foirgnimh na scoile/an choláiste agus as forbairt áitribh na scoile/an choláiste agus beidh sé freagrach as caiteachas ar threalamh a chuirtear sa scoil/choláiste i dtosach (troscán, leabhair agus gléasra sa scoil agus ábhar scoile eile).

(2) Beidh bord freagrach as íoc as cothabháil áitreabh na scoile/an choláiste, an trealamh (ar a n-áirítear troscán, leabhair, gléasra 7rl), agus tailimh as an leithdháileadh airgid bliantúil a thugann an CGO di/dó.

(3) Beidh bord freagrach, i gcomhairle leis an bPríomhoide, as deisiúcháin bheaga a dhéanamh agus beidh sé freagrach as leabhair, stáiseanóireacht, troscán, gléasra agus ábhair eile don scoil / choláiste a roghnú agus a athchur. Féadfaidh an bord earraí den sórt sin a ordú laistigh de theorainneacha na meastachán atá ceadaithe ag an gCGO d'aon bhliain agus atá faoi réir pé rialacháin a fhorordóidh an CGO ó am go ham agus féadfaidh an bord a chuid feidhmeanna maidir leis seo a tharmligean don bPríomhoide, faoi réir pé choinníollacha is cuí leo a fhorchur.

(4) Ní dhéanfaidh ach an Príomhoide amháin nó pé duine eile a bheidh ainmnithe ag an bPríomhoide chuige sin admhálacha a dheimhniú ar son trealamh agus ar son earraí eile a d'ordaíodh chun críocha na scoile/an choláiste.

(5) Íocfaidh an CGO as caiteachas arna thabhtú go cuí ar thuairisceáin dheimhnithe a fháil ó bhord nó ón bPríomhoide.

(6) Cinnteoidh bord go gcoinneofar taifead (i bhformáid atá faofa ag an gCGO) ar stoc (trealamh, troscán, leabhair, gléasra 7rl) agus go ndéanfar é a athshonrú maidir le bronntanais, fálacha agus diúscairtí. Cuirfidh bord fardal ar stoc atá sa scoil/choláiste á dhéanamh gach bliain. Tar éis dó an tuarascáil a bhreithniú déanfaidh sé aighneacht fúithi don gCGO.

(7) Beidh an riocht agus an staid ina bhfuil áitreabh na scoile/an choláiste ar cheann de na cúraimí atá ar an mbord. Ó thaobh deisiúcháin agus athruithe móra ar áitreabh na scoile/an choláiste de, beidh an obair faoi réir ag faomhadh roimh ré ón gCGO agus déanfar faoi threoir an CGO í.

(8) Déanfaidh bord cinneadh maidir leis na slite ina n-úsáidfear foirgnimh nó tailte na scoile/an choláiste ar mhaithe leis an bpobal i dtráthanna nach gcuireann sé isteach ar obair na scoile/an choláiste. Ullmhóidh an bord rialúcháin agus coinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le húsáid an áitribh ar mhaithe leis an bpobal agus a bheidh le ceadú ag an gCGO. Beidh na rialúcháin agus coinníollacha faoi réir athruithe ó am go ham le ceadú an CGO. Sna rialúcháin agus coinníollacha féachfar ar shaincheist na gcostas go léir (díreach agus neamhdhíreach) agus ar cheanglais árachais.

17. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird

(1) Más rud é go mbeidh an CGO den tuairim nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, cuirfidh an CGO an tuairim sin agus na cúiseanna atá léi in iúl don bhord.

(2) Féadfaidh an CGO nó an tAire, tar éis aon uiríll a bheidh déanta ag an mbord a bhreithniú, aon duine nó daoine is cuí leis an gCGO nó leis an Aire a údarú chun tuarascáil a thabhairt don gCGO nó don Aire, nó don gCGO agus don Aire araon, maidir le haon ní a éireoidh as oibriú an bhoird sin nó a bhaineann leis an oibriú sin.

(3) Aon duine a cheapfar chun tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, beidh sé nó sí i dteideal dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh atá ar áitiú ag an scoil/gcoláiste lena mbaineann agus tabharfaidh an bord, an Príomhoide, na múinteoirí agus foireann eile na scoile/an choláiste gach saoráid agus gach comhoibriú dó nó di, lena n-áirítear rochtain ar gach taifead, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh Príomhoide nó bord cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna an bhoird agus a theastóidh ón Aire nó ón gCGO ó am go ham, a chur ar fáil don gCGO agus don Aire.

(5) Más rud é go mbeartaíonn an tAire nó an CGO feidhmeanna a fheidhmiú faoi alt 16, ansin

(a) cuirfidh an tAire in iúl don phátrún, nó

(b) cuirfidh an pátrún in iúl don Aire,

de réir mar is cuí, cén gníomh atá beartaithe.

18. Ceapachán Foirne

(1) De réir ailt 23 an Achta Oideachais, 1998 agus ailt 20 (1), (2) agus (3) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 tá sé de fhreagracht ar an gCGO Príomhoide, múinteoirí agus foireann eile na scoile/an choláiste a bunaíodh agus atá á c(h)othabháil ag an gCGO a fhostú agus tá sé de dhualgas ar an bPOF socrúithe a dhéanamh thar ceann an Choiste chun iad a cheapadh.

(2) Déanfar gach post a bhunú faoin gCGO agus ceapfar foireann de réir ailt 20 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 agus de réir mar a fhoráiltear faoi Chuid V an Achta Oideachais, 1998.

(3) Iarrfaidh bord ar an gCGO de réir beartas agus nósanna imeachta arna gcinneadh ag an gCGO maidir le socruithe um sholáthar foirne, foráil a dhéanamh chun Príomhoide agus oiread múinteoirí agus baill fhoirne eile a fhostú sa scoil/choláiste a mheasfaidh an bord ó am go ham atá ag teastáil chun a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoi na hailt seo a chomhall.

(4) Beidh cinneadh an bhoird faoi theideal um sholáthar foirne/leithdháileadh post múinteoireachta ar scoil/ choláiste faoi réir cheadú roimh ré ón bPOF.

(5) Ceapfaidh an CGO Séiplíneach do Choláiste faoi Chomhaontú Eiseamláireach de réir an Chomhaontaithe Eiseamláirigh.

(6) Déanfar gach ceapachán de réir forála reachtúla, de réir Imlitreacha ábhartha de chuid na ROE, Meabhrán agus leithdháiltí, de réir nósanna imeachta ábhartha an CGO agus na nAirteagal Bainistíochta ábhartha agus tabharfar aird chuí ar Cháipéis Eolais an CGOÉ chun cabhrú leis na Boird Roghnúcháin.

(7) Roimh dó/di dualgais phost a ghabháil chuige/chuici síneoidh gach duine a cheapfar conradh/coinníollacha seirbhíse leis an gCGO. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha mar a chinnfidh an tAire iad nó mar a chinnfidh an CGO iad le toiliú an Aire, alt 20 (3) 2001.

(8) Tar éis phróisis chuí féadann an CGO pé múinteoirí agus pé fhoireann a chur ar fionraí nó a dhífhostú de réir na nósanna imeachta a leagtar síos go reachtúil agus a chomhaontaítear ó am go ham idir an Aire, an CGO, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann agus aon chomhlachas foirne aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile de réir mar is gá.

19. Árachas

(1) De réir mar a fhorálann an tAcht Oideachais 1998, alt 14 (7) agus na hAchtanna Oideachais Ghairme Beatha, 1930-2001, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna a luadh thuas nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCGO.

(2) Déanfaidh an CGO an bord agus an fhoireann mhúinteoireachta agus an fhoireann nach bhfuil i mbun múinteoireachta a shlánú maidir le hábhar caingne agus éilimh a thionscnaítear ina n-aghaidh nó a dhéantar orthu, a éiríonn as chomhlíonadh cuí a gcuid dualgas i leith daltaí nó eile.

(3) Beidh a árachas féin ag an gCGO maidir le cuairteoirí, tuismitheoirí agus baill eile den phobal ag a bhfuil cead an bhoird nó cead an Aire a bheith in áitreabh scoile.

Beidh feidhm ag an árachas i dtaobh baol go bhféadfaidís a bheith iontu le linn dóibh a bheith á n-iompar féin ar shlí normalta chuí in áitreabh den sórt sin.

(4) Déanfaidh an CGO an bord agus an fhoireann mhúinteoireachta agus an fhoireann nach bhfuil i mbun múinteoireachta a shlánú maidir le héilimh ó chuirteoirí, ó thuismitheoirí nó ó bhaill eile den phobal a bheidh san áitreabh scoile gan chead, más rud é go ndéanfar éilimh den sórt sin in imthosca nach nochtann faillí nó gníomh éagórach an bhoird nó na mball foirne go bhfuil éilimh den sórt sin á ndéanamh ina n-aghaidh.

20. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta eile

De réir ailt 28 an Achta Oideachais, 1998, arna leasú ag alt 36 (a) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001, féadfaidh an tAire nósanna imeachta a fhorordú chun cúiseanna gearáin na mac léinn agus a dtuismitheoirí a réiteach.

21. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí

De réir ailt 29 an Achta Oideachais, 1998 tá foráil déanta d'achomhairc chuig Ard-Rúnaí na ROE in aghaidh cinntí boird maidir le mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt nó maidir le diúltú mac léinn a chlárú. Déanfar achomharc in aghaidh cinneadh boird scoile/choláiste a bunaíodh nó atá á c(h)othabháil ag an gCGO chuig an gCGO ar an gcéad ásc, agus dá éis sin chuig an Ard-Rúnaí de bhun forálacha ailt 29.

Cuid a Dó: Bord Bainistíochta Scoile

Sanntar feidhmeanna bainistíochta in (A) agus (B) ach amháin feidhmeanna maidir le cúrsaí pearsanra do bhord ina cháil mar fho-choiste arna bhunú ag an gCGO de réir na reachtaíochta cuí.

(A) Ionstraim Bhainistíochta

1. Feidhmeanna Scoile

(3) De réir ailt 9 an Achta Oideachais, 1998, cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

- (a) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais oideachais gach mic léinn, lena n-áirítear iad sin atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, a shainaithint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,
- (b) chun a chinntiú, maidir leis an oideachas a chuireann sí ar fáil, go ndéanann sé freastal ar cheanglais an bheartais oideachais mar a chinnfidh an tAire é ó am go ham, lena n-áirítear ceanglais i dtaca le soláthar curaclaim mar a fhorordóidh an tAire,
- (c) chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme,
- (d) chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile,
- (e) chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do mhic léinn agus d'fhoireann na scoile, idir fhireannaigh agus bhaineannaigh,
- (f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn,
- (g) chun a chinntiú go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí mic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an mac léinn, ar thaifid a choimeádann an scoil sin i ndáil le dul chun cinn an mhic léinn sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas,
- (h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,
- (i) chun a cuid gníomhaíochtaí a sheoladh de réir aon rialachán a dhéanfaidh an tAire ó am go ham,
- (j) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d'fheidhmeanna bainistíochta agus riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa scoil a shainaithint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,
- (k) chun córais a bhunú agus a chothabháil lena bhféadfar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú, lena n-áirítear cáilíocht agus éifeachtacht na múinteoireachta sa scoil agus leibhéil ghnóthachtála agus caighdeán acadúla mac léinn,
- (l) chun teagmhálacha a bhunú nó a chothabháil le scoileanna eile agus ag leibhéil chuí eile ar fud an phobail dá bhfónann an scoil, agus

- (m) faoi réir an Achta seo agus go háirithe alt 15 (2)(d), chun beartas i dtaca le ligean isteach a bhunú agus a chothabháil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an scoil,
- (n) chun deiseanna oideachais do dhaoine a chónaíonn sa cheantar a chur chun cinn a mhéid agus is indéanta le réasún de réir beartais náisiúnta i ndáil le foghlaim fhad-shaoil.

2. An Chigireacht

Beidh feidhm ag forálacha ailt 13 an Achta Oideachais, 1998, de réir mar is cuí, maidir le scoileanna atá faoi phátrúnacht an CGO.

3. Bunú Boird

- (1) Is é an CGO an comhlacht corpraithe do gach scoil a bunaíodh nó atá á gothabháil faoina phátrúnacht de réir ailt 7 an Achta Oideachais Ghairme Beatha, 1930 agus de réir ailt 14 (2) an Achta Oideachais, 1998.
- (2) Is é dualgas an CGO agus é ina phátrún chun a chinntiú go ndéanfar gach scoil dá chuid a bhainistiú le meon comhpháirtíochta, bord a cheapadh gur comhaontaíodh a chomhdhéanamh idir na CGO, cumainn náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile, ceardchumainn aitheanta agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus an tAire.
- (3) Bunófar bord atá comhdhéanta de réir mar a foráiltear sna hionstraimí agus sna hailt bainistíochta, faoi Chuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus faoi alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.
- (4) I gcás boird a bunaíodh faoi Chuid IV Achta na bliana 1998 agus faoi alt 31 (1) Achta na bliana 2001, ní bheidh níos mó ná 12 chomhalta air agus is féidir le cuid de na comhaltaí a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist agus le cuid eile gan a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist.
- (5) Is é an CGO a cheapfaidh comhaltaí an bhoird go foirmiúil ina cháil mar phátrún na scoile.
- (6) Déanfar comhaltaí nua boird a ainmniú agus a thoghadh 14 lá féilire ar a laghad, roimh dháta éagtha na tréimhse oifige atá ag an mbord reatha agus rachaidh bord atá comhdhéanta dá réir i mbun oifige ar an dáta éagtha sin láithreach. Má thoghtar CGO nua, áfach, beidh éifeacht ag bord nua ar a bheith comhdhéanta ag CGO dá shórt. Beidh na socrúithe seo de réir na nósanna imeachta sna hionstraimí agus sna hairteagail bhainistíochta faoi seach gach uile thráth.
- (7) Beidh comhaltaí reatha nó iarchomhaltaí cáilithe chun a n-ainmnithe nó chun a dtofa ar choinníoll gur choinnigh siad a gcuid cáilíochtaí maidir le hainmniú nó toghchán dá shórt.

(8) Déanfaidh an tAire, le comhaontú an CGO, cumann náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus ceardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí, nithe a fhorordú a bhaineann le ceapachán boird.

(9) Le linn don CGO ceapacháin a dhéanamh chuig bord a bhunófar de réir Coda IV Achta na bliana 1998, agus ailt 31 Achta na bliana 2001, déanfaidh sé de réir ordachán a bheidh tugtha ag an Aire i ndáil le cothromaíocht chúí inscne.

(10) Faoi mar a fhoráiltear in Acht na bliana 1998 alt 14 (7) agus sna hAchtanna Oideachais Ghairme Beatha 1930-2001, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna thuas nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCGO.

(11) I gcás go gcinneadh an CGO nach bhfuil sé indéanta bord a cheapadh de réir Coda IV agus de réir ailt 31, cuirfidh an CGO an méid sin agus na cúiseanna a bhí leis in iúl, tráth an chinnidh sin, do thuismitheoirí mac léinn, do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile na scoile agus don Aire agus, dá éis sin, mura gceapfar bord amhlaidh, déanfaidh an CGO, ó am go ham nó de réir mar a iarrfaidh an tAire, na cúiseanna atá leis sin a chur in iúl do na tuismitheoirí, do na múinteoirí agus don fhoireann eile, agus don Aire.

4. Ballraíocht Bhoird

(1) Ní bheidh níos mó ná 12 chomhalta ar bhord scoile arna ainmniú nó arna toghadh de réir mar a leagtar síos anseo thíos:

(a) Ainmneoidh an CGO trí/ceithre comhaltaí (gur baill den CGO beirt díobh ar a laghad). Tabharfar ‘Ainmnithe an Choiste’ ar na comhaltaí a ainmníodh mar seo mar anseo ina dhiaidh seo,

(b) Toghfaidh tuismitheoirí na mac léinn atá cláraithe sa scoil faoi láthair beirt tuismitheoir, bean amháin agus fear amháin, trí phróiseas a eagróidh bainistíocht na scoile. Tabharfar “Ionadaithe na dtuismitheoirí” ar na tuismitheoirí a thoghfar mar seo anseo ina dhiaidh seo.

(c) Toghfaidh na múinteoirí go léir atá ag obair sa scoil ag an am agus atá ag feidhmiú mar chomhlacht amháin chun críocha toghcháin dá shórt dhá bhall den bhfoireann mhúinteoireachta, bean amháin agus fear amháin. Tabharfar “Ionadaithe na múinteoirí” ar na múinteoirí a thoghfar mar seo anseo ina dhiaidh seo.

(d) Ar ócáid bhunú boird nua nó ar dháta ina dhiaidh sin, is féidir tuilleadh áiteanna a líonadh le ceadú an CGO maidir le hainmniú an bhoird, chun comhpháirtíocht ábhartha agus ionadaíocht chuimsitheach a éascú i dtreo go dtacaítear le sainchúram oideachais scoile faoi leith. Ina thaobh seo féadfaidh bord ionadaí/ionadaithe a ainmniú as bunscoileanna i gceantar na scoile nó as comhlachais/eagraíochtaí áitiúla nó as mic léinn atá os cionn 18 mbliana atá cláraithe sa scoil faoi láthair, chun áiteanna breise a líonadh. Tabharfar “Ainmnithe an Bhoird” ar an duine/na daoine atá ainmnithe mar seo anseo ina dhiaidh seo.

(e) Lasmuigh den méid atá arna fhoráil thuas i (b) agus i (c) cheana féin léireofar meas ar chothromaíocht inscne agus déanfar de réir stiúradh an Aire ina thaobh seo i gcomhdhéanamh boird scoile.

5. Tréimhse Oifige Boird

(1) Measfar go mbíonn tréimhse oifige boird istigh de ghnáth ar an 30ú lá de mhí Mheán Fhómhair sa tríú bliain tar éis don bhord nua dul i mbun oifige, é sin, nó leanfaidh sí le linn tréimhse oifige an CGO, pé acu is giorra.

(2) Beidh na comhaltaí a ainmníodh agus a toghadh de réir na n-ionstraimí agus de réir na n-airteagal bainistíochta ina gcomhaltaí ar feadh tréimhse oifige boird ach amháin mar a fhorordaítear in ailt 7, 10 agus 11 thíos.

6. Folúntas i mBallraíocht Bhoird

Líonfar folúntas a bheidh i mballraíocht boird d’fhuilleach na tréimhse oifige trí cheapachán a dhéanfaidh an CGO. Ceapfaidh an CGO comhalta a ainmníodh nó a toghadh ag an eagraíocht a d’ainmnigh nó a thogh an duine a scoir de bheith ina chomhalta nó ina comhalta.

7. Foirceannadh Ballraíochta

(1) Scoirfidh aon chomhalta boird de bheith ina chomhalta nó ina comhalta boird má tá sé nó sí as láthair ag gach cruinniú boird ar feadh tréimhse bliana ach amháin ar chúiseanna atá faofa ag an mbord, nó mura bhfuil ar a chumas nó ar a cumas gníomhú nó mura bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a thuilleadh chun a bheith ina chomhalta nó ina comhalta nó a chuireann in iúl i scríbhinn do rúnaí an bhoird gur mian leis nó léi éirí as.

8. Córam i gcomhair Cruinnithe Boird

(1) Beidh gá le híoslíon ceithre chomhalta chun córam a dhéanamh i gcomhair cruinniú boird.

(2) Más rud é nach bhfuil dóthain comhaltaí i láthair chun córam a dhéanamh 15 nóiméid tar éis an ama a socraíodh do chruinniú nó más rud é nach gcoinnítear an córam am ar bith i gcaitheamh an chruinnithe nó más rud é nach gcríochnaítear gnó an chruinnithe ag aon chruinniú ar bith cuirfear an cruinniú ar athló gan dáta nua a shocrú agus tionólfar cruinniú speisialta a luaithe atá sé oiriúnach.

(3) Féadfar aon chruinniú ar bith a chur ar athló trí rún.

9. Feidhmeanna Boird

(1) Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú thar ceann an CGO agus i gcomhar leis, agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.

(2) Tá breac-chuntas tugtha ar fheidhmeanna bainistíochta an CGO i gCuid a hAon an Lámhleabhair seo san ionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta.

(3) Glacfaidh bord an scéim oideachais i gcomhair na scoile laistigh d'acmhainní faofa i ngach bliain agus beidh deis aige cur le seirbhís agus pleananna oideachais an CGO.

(4) Comhallfaidh bord na feidhmeanna a tugadh dó ag Cuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus ag a stádas mar fhochoiste an CGO de réir ailt 31 faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001. Le linn do bhord a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh -

(a) déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,

(b) déanfaidh sé spiorad saineiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den scoil, a chosaint agus beidh sé cuntasach don CGO as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon

Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile,

(c) rachaidh sé i gcomhairle leis an CGO agus coinneoidh sé ar an eolas é maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird, agus gníomhóidh sé de réir feidhmeanna bainistíochta an bhoird ar a dtugtar breac-chuntas san ionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta,

(d) foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mbord agus leis an CGO a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,

(e) beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,

(f) beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil deontas a chuireann an CGO ar fáil chun sochair do mhic léinn sa scoil), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don CGO, go háirithe mar a fhoráiltear sna hairteagail bhainistíochta ábhartha agus i nósanna imeachta an CGO, don bhfoireann agus don phobal dá bhfónann an scoil, agus,

(g) úsáidfídh sé na hacmhainní a chuirfear ar fáil don scoil as airgead a sholáthróidh an CGO chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é agus le ceadú an CGO roimh ré, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.

(5) Déanfaidh bord socrúithe i gcomhair athbhreithnithe, glactha, leasaithe (más cuí) an phlean scoile reatha a luaithe is féidir tar éis a cheaptha, é sin nó déanfaidh sé socrúithe i gcomhair ullmhúcháin phlean (dá ngairtear “an phlean scoile” i mB, alt 7) agus cinnteoidh sé go ndéanfar an phlean a athbhreithniú agus a leasú go rialta.

(6) Chun amhras a sheachaint ní thabharfaidh aon ní agus ní mheasfaidh go dtabharfaí aon ní sna hairteagail seo aon cheart do bhord thar thalamh nó thar fhoirgnimh na scoile ná haon leas do bhord i dtalamh nó i bhfoirgnimh na scoile as a bhfuil an bord freagrach.

10. Discaoileadh ag an gCGO

(1) Faoi réir an ailt seo agus thoilíú an Aire, féadfaidh an CGO

(a) ar chúiseanna maithe bailí, a shonrófar i scríbhinn do chomhalta de bhord, an comhalta sin a chur as an oifig sin, nó

(b) más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, an bord sin a dhíscaoileadh.

(2) Más rud é go mbeartaíonn CGO comhalta boird a chur as an oifig sin nó bord a dhíscaoileadh, cuirfidh an CGO in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don chomhalta sin nó don bhord sin go bhfuil ar intinn ag an CGO é sin a dhéanamh agus na cúiseanna atá leis.

(3) Más rud é, ag deireadh tréimhse míosa amháin tar éis dháta an fhógra dá bhforáiltear i bhfo-alt (2), go mbeidh an CGO, tar éis aon uiríll a bheidh déanta chuige ag an gcomhalta nó ag bord, nó thar ceann ceachtar acu, a bhreithniú, fós den tuairim gur ceart an comhalta a chur as oifig nó gur ceart an bord a dhíscaoileadh, ansin féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire agus trí fhógra i scríbhinn ina sonrúfar a tuairim agus na cúiseanna atá léi, an comhalta a chur as oifig nó an bord a dhíscaoileadh, de réir mar is cuí de bhun ailt 16 an Achta Oideachais, 1998, agus de bhun ailt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(4) Déanfar cóip de gach fógra a eiseofar faoin alt seo agus aon uiríll a dhéanfar chuig an gCGO a sheachadadh ar an Aire a luaithe is féidir tar éis é a dhéanamh.

(5) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord, féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire, aon duine nó aon chomhlacht daoine is cuí leis an gCGO a cheapadh chun feidhmeanna an bhoird a chomhlíonadh.

(6) I gcás ina gcuirfidh an CGO comhalta de bhord as oifig, déanfar an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 14 (6) Achta na bliana 1998, nó de réir mar a fhoráiltear faoi alt 31 (1) Achta na bliana 2001, (Leasú).

(7) Déanfaidh an CGO socrú, de réir ailt 16 (7) Achta na bliana 1998 chun bord a athbhunú faoi alt 31 Achta na bliana 2001 (Leasú), tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an díscaoilte nó cibé tréimhse is faide ná sin is cuí leis an CGO, le toiliú an Aire, agus nuair a bheidh an bord nua bunaithe, déanfar feidhmeanna an bhoird dhíscaoilte a athdhílsíú don bhord nua agus scoirfidh na feidhmeanna sin de bheith ina bhfeidhmeanna de chuid an duine nó an chomhlachta daoine, más ann, a ceapadh faoi fho-alt (5).

11. Díscaoileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire

(1) Más rud é

- (d) gur deimhin leis an Aire nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, nó
- (e) go bhfailleoidh bord go toiliúil aon ordú, ordachán nó rialachán ón Aire arna thabhairt nó arna dhéanamh faoin Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh, nó
- (f) go mainneoidh bord aon bhreithiúnas nó ordú ó aon chúirt dlínse inniúla a chomhlíonadh,

féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an CGO an bord a dhíscaoileadh ar chúiseanna a shonrófar san fhógra sin agus díscaoilfidh an CGO an bord dá réir sin a luaithe is féidir tar éis dháta an fhógra sin, de réir ailt 17 Achta na bliana 1998, agus de réir ailt 31 (8) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú) 2001.

(2) Sula seirbheálfadh an tAire fógra mar a fhoráiltear i bhfo-alt (1), cuirfidh sé nó sí in iúl don bhord agus don CGO go bhfuil ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh agus breithneoidh sé nó sí aon uirill a bheidh déanta chuige nó chuici ag an mbord nó ag an gCGO, nó thar ceann ceachtar díobh, laistigh de mhí amháin ón méid sin a chur in iúl don bhord agus don CGO.

(3) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord faoin alt seo, beidh feidhm ag fo-ailt (5) agus (7) d'alt 16 an Achta Oideachais, 1998 agus ag fo-alt 1(a) d'alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

12. Cathaoirleach Boird

Ag an chéad chruinniú atá ag comhaltaí boird toghfaidh siad duine dá líon mar chathaoirleach ar a gcuid cruinnithe d'fhuilleach na bliana scoile sin. Dá éis sin toghfar cathaoirleach ag an chéad chruinniú i ngach bliain scoile, é sin nó má tá folúntas ann. Má bhíonn an cathaoirleach as láthair ó haon chruinniú ar feadh tréimhse 15 nóiméid tar éis an ama atá socraithe go hoifigiúil mar am tosnaithe an chruinnithe toghfaidh na comhaltaí a vótálann duine dá líon chun a bheith i gceannas ar an gcruinniú sin sula rachfar i mbun aon ghnó eile. Aon uair a bhíonn líon comhionann vótaí ag beirt nó ag tuilleadh daoine ag toghchán cathaoirligh déanfar duine díobh a thoghadh trí chrannadh, .i. measfar an duine ar a dtiteann an crann a bheith tofa.

13. Rúnaí Boird

(1) Beidh an Príomhoide ag feidhmiú mar rúnaí an bhoird. Má tá an Príomhoide as láthair freastalóidh an Príomhoide Ionaid ar an gcruinniú agus feidhmeoidh sé nó sí mar rúnaí. Ní bheidh ceart vótála ag rúnaí boird.

(2) Más rud é gur bunaíodh bord sula raibh Príomhoide ceaptha, nó más rud é go bhfuil an Príomhoide nó an Príomhoide Ionaid as láthair nó mura bhfuil siad ar fáil feidhmeoidh an POF nó a ainmní nó a hainmní mar rúnaí de thuras na huaire.

14. Cruinniú Boird

(1) Beidh cruinnithe ag bord go rialta, cúig cinn ar a laghad, i gcaitheamh na bliana scoile agus tionólfadh sé pé cruinnithe eile a mbeadh gá leo chun a chuid dualgas a gcomhlíonadh.

(2) Ní mór cruinniú boird a thionól ar iarraidh i scríbhinn ó aon chúigear duine dá chomhaltaí.

(3) Beidh de cheart ag an POF nó ag a oifigeach nó a hoifigeach gur tarmligeadh an fheidhm seo chuige nó chuici faoi Alt 16 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001, freastal ar chruinnithe boird ach ní bheidh ceart vótála acu.

(3) Beidh de cheart ag an bPríomh-Chigire nó ag a ainmní nó a hainmní tuairisc a thabhairt d'aon chruinniú boird de réir ailt 13 an Achta Oideachais, 1998.

15. Cruinniú a thionól

(1) Cuirfear fógra chun freastal ar chruinniú boird chuig gach comhalta ag a ghnáth-áit cónaithe nó a gnáth-áit chónaithe tríd an phost nó trí ríomhphost, más cuí, nó fágfar ann é, seacht lá iomlána roimh an gcruinniú ar a laghad. Sonraítear an gnó atá i gceist a bheith á phlé ag an gcruinniú sa bhfógra agus tá síniú an rúnaí leis. Más rud é go dtionólfar cruinniú boird ar iarraidh ó aon chúigear duine de chomhaltaí an bhoird a vótálann, de réir ailt 14(2) thuas, síneoidh an cúig chomhalta a thionóllann an cruinniú an t-iarraidh réamhráite agus cuirfidh siad in iúl don rúnaí é i scríbhinn. Ina dhiaidh sin eiseoidh an rúnaí fógra cruinnithe de réir mar a fhoráiltear dó thuas.

(2) Tairfeadfar ainmneacha na gcomhaltaí a bhíonn i láthair ag cruinniú boird i miontuairiscí an chruinnithe sin.

16. Miontuairiscí

Coinneoidh an rúnaí miontuairiscí ar imeachtaí boird. Beidh na miontuairiscí ar oscailt le hiniúchadh ag an Aire agus ag an CGO agus cuirfidh rúnaí boird cóip de dhréacht na miontuairiscí ar imeachtaí cruinnithe den sórt sin i teannta cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe bhoird roimhe sin lenar glacadh, chuig an CGO laistigh de sheacht lá tar éis gach cruinnithe bhoird.

17. Rúndacht

Tá gá le rúndacht maidir le gnóthas an bhoird bhainistíochta agus ní cead gnóthas an bhoird a nochtadh go poiblí gan údarás ón mbord sin. Maidir leis seo, moltar do bhoird beartas a fhorbairt chun déileáil le nithe íogair, m. sh. d'fhéadfadh go gcinnfeadh bord tuarascáil chomhaontaithe ar chruinniú a eisiúint.

18. Vótáil

Déanfar gach ceist ag cruinniú bhoird a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist ach amháin mar a fhoráiltear in alt 20 na hionstraime seo. I gcás comhionannas vótaí beidh dara vóta nó vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe ach amháin sa chás gurb é toghchán Cathaoirleach an bhoird féin a bheidh i gceist.

19. Comhaltaí Boird nach bhfuil leas airgeadais acu sa Scoil

(1) Tá comhaltaí boird faoi réir na gcaighdeán agus na ndualgas eitice céanna agus dá bhforáiltear in Imlitir F11/05 agus i Lámhleabhar an Rialachais Chorpáidigh.

(2) Seachas i gcás aon imthosca faoi leith, le toiliú an Aire i scríbhinn, ní ghlacfaidh aon chomhalta den bhord aon leas in aon mhaoin ná ní bheidh seilbh ag aon chomhalta ar aon mhaoin i seilbh nó in úsáid don scoil nó ní bhfaighidh an comhalta aon luach saothair ar a sheirbhísí nó ar a seirbhísí mar chomhalta den bhord, nó ní bheidh leas aige nó aici i soláthar oibre nó earraí chuig an scoil nó ar a son.

20. Rúin a chealú

Féadfar rún ar bith de chuid an bhoird a chealú nó a athrú ag cruinniú ina dhiaidh sin, más rud é gur tugadh fógra seacht lá ar a laghad i scríbhinn go bhfuil sé beartaithe é sin a chealú nó a athrú, agus go dtabharfar téarmaí an rúin chealaithe nó athraithe i scríbhinn chuig gach comhalta den bhord. Síneoidh triúr chomhalta den bhord an fógra ar an gcoinníoll gur ritheadh an rún a mholtar a chealú nó a athrú i rith na sé mhí roimhe sin. Ní chealófar aon rún rite ag aon chruinniú den bhord ag aon chruinniú ina dhiaidh sin mura chinnfear a leithéid ag tromlach dhá thrian de na comhaltaí i láthair agus ag vótáil. Ba cheart foráil a bheith déanta d'aon imeachtaí den tsórt seo maidir le cealú i mbuanorduithe boird mar atáid leagtha amach ag an CGO.

21. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Nósanna Imeachta an Bhoird

(1) Ar ócáid bunaithe scoile glaofaídh an CGO an chéad chruinniú laistigh de mhí amháin tar éis bunú an bhoird.

(2) Ar ócáid bunaithe scoile, agus más rud é nach mbeidh gach comhalta den bhord tofa nó ainmnithe, feidhmeoidh na comhaltaí mar bhord iomlán faoi chathaoirleach proteim go dtí go bunófar bord iomlán. Nuair a bheidh ballraíocht an bhoird iomlán toghfar an cathaoirleach.

(3) Ní dhéanfar imeachtaí an bhoird neamh-bhailí trí fholúntas a bheith ina bhallraíocht nó trí aon locht ar thoghchán, ar cheapachán nó ar cháilíocht aon chomhalta an bhoird sin.

(B) Airteagail Bhainistíochta

1. Stádas agus Feidhm an Bhoird

(1) Fo-choiste ar a dtabharfar ‘an bord’ a bhainisteoidh an scoil, arna bhunú faoi alt 31, fo-alt 1(a) den Acht Oideachais Ghairme Beatha (Leasú) 2001 agus de réir fhorálacha Cuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus na nAchtanna Oideachais Ghairme Beatha, 1939 go 2001.

(2) Bainfidh an scoil úsáid as na hacmhainní atá ar fáil di chun rochtain ar chóras cuimsitheach iar-bhunoideachais a chur ar fáil do gach duine óg sa phobal, mar atá sonrathite in (A) alt 1. Soláthróidh an scoil deiseanna leanúnacha do dhaoine atá ina gcoánaí sa cheantar ag teacht le beartais náisiúnta um fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

2. Airgeadas

(1) Déanfar gnóthaí airgeadais scoile a bhainistiú agus a sheoladh de réir treoirlínte sárchleachtais mar a leagtar amach iad ag an CGO/ASTC (Aonad Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais) agus comhallfaidh siad na prionsabail agus na caighdeáin ar a dtugtar breac-chuntas i Lámhleabhar an Chóid Rialachais Chorporáidigh.

(2) Coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar theacht isteach agus ar chaitheamh an airgid go léir atá dlite do/faighte agus caite aige, de réir aon treorach a thug an CGO dó. Cinnteoidh an CGO sé go ndéanfaidh bord, i ngach bliain, ioncam agus caiteachas a thuairisciú agus a dheimhniú de réir an chleachtais cuntasaióchta is fearr agus i bhformáid atá sainithe ag an gCGO.

(3) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an Aire, ag an gCGO, ag an ASTC, ag an ARC&C (Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste) agus sa mhéid a fhoráiltear san Acht Oideachais, 1998, 18 (2), ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil.

(4) Coimeádfaidh bord na cuntais go léir de réir na dtreoracha a thugann an CGO. Cuirfidh bord meastachán, i pé fhoirm a theastódh, ar ioncam agus ar chaiteachas atá ag teastáil don bhliain airgeadais dar gcionn faoi bhráid an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin roimh an 31ú lá de Bhealtaine nó roimh dháta arna shainiú ag an gCGO i ngach bliain. Cuimseoidh scéim airgeadais bhliantúil agus plean seirbhíse an Choiste soláthar cuí de réir deáchleachtas rialachais chorporáidigh agus cuirfear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é.

(5) Ar leithdháileadh bliantúil airgid na Roinne a fháil dó leithdháilfidh an CGO buiséad ar an scoil. Déanfaidh bord caiteachas an bhuiséid fhaofa a phleanáil agus déanfaidh sé maoirseacht air faoi réir go gcomhlíonfar na nósanna imeachta mar atá siad leagtha síos ag an gCGO. Ní ghabhfaidh bord thar an méid atá ceadaithe faoi aon cheann in aon bhliain gan chead roimh ré ón CGO, agus comhlíonfaidh sé gach treoir a d’fhéadfadh an CGO a thabhairt ó am go ham maidir le gach cuntas, taifead airgeadais agus ráiteas.

(6) Soláthróidh an CGO, ó am go ham, airgead le haghaidh an chuntais mhionairgid go huasmhéid a comhaontaíodh le bord. Tabharfaidh bord údarás do bPríomhoide chun íocaíochtaí mionairgid a dhéanamh thar ceann na scoile de réir nósanna imeachta airgeadais an CGO.

(7) Íocfaidh an CGO tuarastail foireann múinteoireachta údaraithe lánaimseartha agus páirtaimseartha na scoile agus tuarastail na foirne scoile nach bhfuil i mbun múinteoireachta de réir rialachán na ROE agus na nósanna imeachta a d'fhorordaigh an CGO. Cinnteoidh bord go gcuirfear gach tuairisceán faoi thinrimh/neamhláithreachtaí faoi bhráid an CGO de réir na dtreoracha agus na n-amscálaí arna eisiúint ag an gCGO.

3. Tuairisceáin

Seolfaidh an bord pé tuairisceáin agus tuarascálacha ar aghaidh chuig an gCoiste Gairmoideachais is a éileoidh an Coiste Gairmoideachais agus an tAire ó am go ham.

4. Áitreabh agus Trealamh

(1) Beidh an CGO freagrach as tógáil foirgnimh na scoile agus as forbairt áitribh na scoile agus beidh sé freagrach as caiteachas ar threalamh a chuirtear sa scoil i dtosach (troscán, leabhair agus gléasra sa scoil agus ábhar scoile eile).

(2) Beidh bord freagrach as íoc as cothabháil áitreabh agus talamh na scoile as an leithdháileadh airgid bliantúil a thugann an CGO di.

(3) Beidh bord freagrach, i gcomhairle leis an bPríomhoide, as deisiúcháin bheaga a dhéanamh agus beidh sé freagrach as leabhair, stáiseanóireacht, troscán, gléasra agus ábhair eile don scoil a roghnú agus a athchur. Féadfaidh an bord earraí den tsórt sin a ordú laistigh de theorainneacha na meastachán atá ceadaithe ag an gCGO d'aon bhliain agus atá faoi réir pé rialacháin a fhorordóidh an CGO ó am go ham agus féadfaidh an bord a chuid feidhmeanna maidir leis seo a tharmligean don bPríomhoide, faoi réir pé choinníollacha is cuí leo a fhorchur.

(4) Ní dhéanfaidh ach an Príomhoide amháin nó pé duine eile a bheidh ainmnithe ag an bPríomhoide chuige sin admhálacha a dheimhniú ar son trealamh agus ar son earraí eile a d'ordaíodh chun críocha na scoile.

(5) Íocfaidh an CGO as caiteachas arna thabhtú go cuí ar thuairisceáin dheimhnithe a fháil ó bhord nó ón bPríomhoide.

(6) Cinnteoidh bord go gcoinneofar taifead (i bhformáid atá faofa ag an gCGO) ar stoc (trealamh, troscán, leabhair, gléasra 7rl) agus go ndéanfar é a athshonrú maidir le bronntanais, sealbhuithe agus diúscairtí. Cuirfidh bord fardal ar stoc atá sa scoil á dhéanamh gach bliain. Tar éis dó an tuarascáil a bhreithniú déanfaidh sé aighneacht fúithi don gCGO.

(7) Beidh an riocht agus an staid ina bhfuil áitreabh na scoile ar cheann de na cúraimí a bheidh ar an mbord. Ó thaobh deisiúcháin agus athruithe móra ar áitreabh na scoile de, beidh an obair faoi réir ag faomhadh roimh ré ón gCGO agus déanfar faoi threoir an CGO í.

(8) Déanfaidh bord cinneadh maidir leis na slite ina n-úsáidfeadh foirgnimh nó tailte na scoile ar mhaithe leis an bpobal i dtráthanna nach gcuireann sé isteach ar obair na scoile. Ullmhóidh an bord rialúcháin agus coinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le húsáid an áitribh ar mhaithe leis an bpobal agus a bheidh le ceadú ag an gCGO. Beidh na rialúcháin agus coinníollacha faoi réir athruithe ó am go ham le ceadú an CGO. Sna rialúcháin agus coinníollacha féachfar ar shaincheist na gcostas go léir (díreach agus neamhdhíreach) agus ar cheanglais árachais.

5. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird

(1) Más rud é go mbeidh an CGO den tuairim nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, cuirfidh an CGO an tuairim sin agus na cúiseanna atá léi in iúl don bhord.

(2) Féadfaidh an CGO nó an tAire, tar éis aon uiríll a bheidh déanta ag an mbord a bhreithniú, aon duine nó daoine is cuí leis an gCGO nó leis an Aire a údarú chun tuarascáil a thabhairt don gCGO nó don Aire, nó don gCGO agus don Aire araon, maidir le haon ní a éireoidh as oibriú an bhoird sin nó a bhaineann leis an oibriú sin.

(3) Aon duine a cheapfar chun tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, beidh sé nó sí i dteideal dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh atá ar áitiú ag an scoil lena mbaineann agus tabharfaidh an bord, an Príomhoide, na múinteoirí agus foireann eile na scoile gach saoráid agus gach comhoibriú dó nó di, lena n-áirítear rochtain ar gach taifead, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh Príomhoide nó bord cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna an bhoird agus a theastóidh ón Aire nó ón gCGO ó am go ham, a chur ar fáil don gCGO agus don Aire.

(5) Más rud é go mbeartaíonn an tAire nó an CGO feidhmeanna a fheidhmiú faoi alt 19 an Achta Oideachais 1998, ansin

(c) cuirfidh an tAire in iúl don gCGO, nó

(d) cuirfidh an CGO in iúl don Aire,

de réir mar is cuí, cén gníomh atá beartaithe.

6. Tuarascáil agus Eolas

(1) Bunóidh bord nósanna imeachta chun tuismitheoirí na mac léinn sa scoil a chur ar an eolas faoi aon ábhar a bhaineann le hoibriú agus le feidhmíocht na scoile. D'fhéadfadh foilsíú agus scaipeadh tuairisce ar oibriú agus ar fheidhmíocht na scoile i

aon bhliain scoile ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar bhaill eile foirne agus ar chomhairle na ndaltaí, sa chás gur bunaíodh í, a bheith ar na nósanna imeachta sin, i dteannta tagartha faoi leith do na spriocanna a baineadh amach mar atá sonraithe sa phlean scoile dá bhforáiltear faoi alt 7.

(2) Déanfaidh bord tuarascáil bhliantúil don gCGO agus pé tuarascálacha/faisnéis eile is gá leo de réir na nósanna imeachta mar a cinneadh ag an gCGO iad.

7. An Plean Scoile

(1) Déanfaidh bord socrúithe a luaithe is féidir leis tar éis a cheaptha, chun an plean scoile reatha a athbhreithniú nó a leasú (más cuí), é sin nó déanfaidh sé socrúithe chun plean (dá ngairtear ‘an plean scoile’ sa chuid seo) a ullmhú de réir mar a fhorordaítear in alt 21 an Achta Oideachais, 1998, agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú rialta air agus go n-athshonrófar go rialta é chomh maith.

(2) Cuirfear tacaíocht ó sheirbhís oideachais an Choiste Ghairmoideachais ar fáil don bhord, don Phríomhoide agus d’fhoireann na scoile agus ullmhú tosaigh agus forbairt tosaigh an phlean scoile á dhéanamh acu.

(3) Sonróidh an plean scoile spriocanna na scoile a bhaineann le combhionannas rochtana agus rannpháirtíocht sa scoil agus na bearta a mholfaidh an scoil chun na spriocanna sin a bhaint amach lena n-áirítear combhionannas rochtana agus rannpháirtíochta sa scoil ag mic léinn faoi mhíchumais nó le riachtanais speisialta oideachais eile.

(4) Ullmhófar an plean scoile de réir pé treoracha, lena n-áirítear treoracha a bhaineann le comhchomhairle le thuismitheoirí, foireann agus daltaí na scoile, a d’fhéadfadh an Coiste Gairmoideachais agus an tAire a thabhairt ó am go ham i ndáil le pleananna scoile.

(5) Déanfaidh bord socrúithe chun cóipeanna den phlean scoile a scaipeadh ar an gCoiste Gairmoideachais, ar mhúinteoirí agus ar fhoireann eile na scoile.

8. Ceapachán Foirne

(1) De réir ailt 23 an Achta Oideachais, 1998 agus ailt 20 (1), (2) agus (3) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 tá sé de fhreagracht ar an gCGO Príomhoide, múinteoirí agus foireann eile na scoile a bunaíodh agus atá á c(h)othabháil ag an gCGO a fhostú agus tá sé de dhualgas ar an bPOF socrúithe a dhéanamh thar ceann an Choiste chun iad a cheapadh.

(2) Déanfar gach post a bhunú faoin gCGO agus ceapfar foireann de réir ailt 20 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 agus de réir mar a fhoráiltear faoi Chuid V an Achta Oideachais, 1998.

(3) Iarrfaidh bord ar an gCGO de réir beartas agus nósanna imeachta arna gcinneadh ag an gCGO maidir le socrúithe um sholáthar foirne, foráil a dhéanamh chun

Príomhoide agus oiread múinteoirí agus baill fhoirne eile a fhostú sa scoil a mheasfaidh an bord ó am go ham atá ag teastáil chun a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoi na hailt seo a chomhall.

(4) Beidh cinneadh an bhoird faoi theideal um sholáthar foirne/leithdháileadh post múinteoireachta ar scoil faoi réir cheadú roimh ré ón bPOF.

(5) Déanfar gach ceapachán de réir forála reachtúla, de réir Imlitreacha ábhartha de chuid na ROE, Meabhrán agus leithdháiltí, de réir nósanna imeachta ábhartha an CGO agus na nAirteagal Bainistíochta ábhartha agus tabharfar aird chuí ar Cháipéis Eolais an CGOÉ chun cabhrú leis na Boird Roghnúcháin.

(6) Roimh dó/di dualgais phost a ghabháil chuige/chuici síneoidh gach duine a cheapfar conradh/coinníollacha seirbhíse leis an gCGO. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha mar a chinnfidh an tAire iad nó mar a chinnfidh an CGO iad le toiliú an Aire, alt 20 (3) 2001.

(7) Tar éis phróisis chuí féadann an CGO pé múinteoirí agus pé fhoireann a chur ar fionraí nó a dhífhosú de réir na nósanna imeachta a leagtar síos go reachtúil agus a chomhaontaítear ó am go ham idir an Aire, an CGO, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann agus aon chomhlachas foirne aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile de réir mar is cuí.

(8) Tá nósanna imeachta roghnúcháin i leith ceapachán agus ardú céime foirne de réir mar atáid sonraithe in aguisín (i).

9. Feidhmeanna an Phríomhoide agus na Múinteoirí

(1) Beidh freagracht ar Phríomhoide agus ar mhúinteoirí aon scoil faoi phátrúnacht an Choiste Ghairmoideachais de réir na n-airteagal seo, as an teagasc a chuirfear ar fáil do na mic léinn sa scoil agus cabhróidh siad, i gcoitinne, le hoideachas agus forbairt phearsanta na mac léinn sa scoil sin.

(2) Gan dochar d'fho-alt (1), déanfaidh an Príomhoide agus na múinteoirí -

(a) an fhoghlaim a chothú agus a spreagadh i mic léinn.

(b) meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí.

(c) i dteannta a chéile, comhoibriú idir an scoil agus an pobal dá bhfónann sí a chur chun cinn agus

(d) faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme agus faoi réir a gconartha fostaíochta, na dualgais sin a chomhlíonadh -

(i) i gcás múinteoirí a shannfaidh an Príomhoide dóibh nó a sannfar dóibh faoi theorir an Phríomhoide, agus

(ii) atá, i gcás an Phríomhoide, sannaithe dó nó di ag an gCGO de réir mar is iomchuí.

10. An Príomhoide

- (1) I dteannta na bhfeidhmeanna de chuid Príomhoide dá bhforáiltear in alt 9 –
 - (a) beidh an Príomhoide freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear múinteoirí agus foireann eile na scoile a threorú agus a stiúradh, agus beidh sé nó sí cuntasach don bhord/Choiste Gairmoideachais as an mbainistíocht sin.
 - (b) Tabharfaidh an Príomhoide ceannaireacht do mhúinteoirí agus do fhoireann eile do mhic léinn na scoile,
 - (c) beidh an Príomhoide freagrach, mar aon leis an mbord, le tuismitheoirí mac léinn agus leis na múinteoirí, as timpeallacht scoile a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn,
 - (d) déanfaidh an Príomhoide, faoi stiúradh an bhoird agus i gcomhairle leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus, a mhéid is cuí dá n-aois agus dá dtaithí, leis na mic léinn, cuspóirí a leagan amach don scoil agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin, agus
 - (e) déanfaidh an Príomhoide tuismitheoirí mac léinn sa scoil a spreagadh le páirt a ghlacadh in oideachas na mac léinn sin agus i ngnóthú chuspóirí na scoile.
- (2) Beidh ag Príomhoide, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht Oideachais, 1998 agus faoin Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001 a chomhall, na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chuige sin, agus déanfaidh an Príomhoide a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall de réir cibé beartais a chinnfidh an bord ó am go ham agus de réir rialachán arna ndéanamh de réir Cuid V d'Acht 1998 agus de réir alt 12, 15, 16 agus 20 d'Acht 2001.
- (3) Beidh an Príomhoide i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon choiste agus de gach coiste arna cheapadh ag bord.
- (4) Le linn don Phríomhoide a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú, rachaidh sé nó sí, nuair is indéanta é, i gcomhairle le múinteoirí agus foireann eile na scoile.

11. Scéim Oideachais

Ullmhóidh an Príomhoide, gach bliain, in am trátha, scéim oideachais don bhliain scoile dár gcionn agus sonrúidh sé aon mhúinteoirí breise a bheidh ag teastáil. Beidh tacaíocht sheirbhís oideachais an Choiste Ghairmoideachais ar fáil don Phríomhoide i leith an ullmhúcháin seo. Cuirfear an scéim oideachais seo faoi bhráid an bhoird le go ndéanfaidh sé breithniú uirthi agus le go gcuirfidh sé ar aghaidh í chuig an gCoiste Gairmoideachais.

12. Eagrú agus Curaclam a Stiúradh

Faoi réir fhorálacha an Aire agus charachtar oideachasúil ginearálta na scoile agus faoi réir an pholasaí agus na fealsúnachta a chinnfidh an Coiste Gairmoideachais, beidh freagracht ar bhord as stiúradh ginearálta eagraithe agus curaclaim na scoile.

13. Comhairle Foirne

(1)Socróidh bord go mbunófar comhairle foirne, ina mbeidh múinteoirí uile na scoile páirteach faoi chathaoirleacht an Phríomhoide.

(2)Breithneoidh an chomhairle foirne socruithe curaclaim na scoile agus féadfaidh sí moltaí a dhéanamh do bhord maidir le raon na n-ábhar a mhéadú, maidir leis an gclár ama agus maidir le soláthar trealamh scoile.

(3)Féadfaidh comhairle na foirne, nuair a iarrtar uirthi, comhairle a thabhairt do bhord maidir le fadhb oideachasúil nó aon fhadhb eile faoina n-iarrfaí comhairle uirthi. As a stuaim féin, féadfaidh an chomhairle, aighneachtaí a chur faoi bhráid bhoird i dtaca le haon ábhar oideachasúil nó eile a bhaineann leis an scoil.

14. Cruinnithe Foirne

Ba chóir cruinnithe foirne a réachtáil ar na dátaí ba fheiliúnaí ar féidir, ar a laghad uair sa téarma.

15. Eagrú Inmheánach agus Smacht

- (1) Faoi réir fhorálacha na n-alt seo agus threoir an bhoird, rialóidh an Príomhoide eagrú inmheánach, bainistíocht agus smacht na scoile agus déanfaidh sé maoirseacht ar mhúinteoirí agus ar fhoireann eile na scoile.
- (2) Cinnteoidh an bord, de réir na reachtaíochta cuí, go n-ullmhófar agus go bhfeidhmeofar cód iompair i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil.
- (3) Cinnteoidh an Príomhoide go bhforfeidhmeofar an cód de réir fhorálacha an Acht Oideachais, 1998 agus an Acht Oideachais (Leasa), 2000.

16. Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais

- (1) Cuirfidh an Coiste Gairmoideachais a chuid seirbhísí tacaíochta ar fáil don scoil i leith réimsí cosúil le pleanáil agus soláthar oideachais, an plean scoile, cúrsaí riaracháin, cúrsaí airgeadais, cúrsaí ailtireachta, oiliúint inseirbhíse, agus rialú stoic, srl.
- (2) Maidir le seo, beidh an pearsanra cuí de chuid an Choiste Ghairmoideachais ar fáil le hoibriú leis an bPríomhoide chun seirbhís oideachais do dhaoine fásta sa phobal a tharraingt suas, trína gcuirfear raon cuimsitheach deiseanna ar fáil i dtaca le hoideachas do dhaoine fásta agus oideachas ar feadh an tsaoil. Ullmhóidh agus costálfaidh an Príomhoide, i gcomhar le bord, clár de réir threoirlínte agus nósanna imeachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus an Choiste Ghairmoideachais.

17. Cleachtadh agus teagasc reiligiúin

Beidh socruithe ina leith seo de réir Chiorcláin 73/74 nó de réir aon leasuithe a dhéanfar air.

18. Árachas

- (1) Faoi mar a fhoráiltear i alt 14(7) den Acht Oideachais 1998 agus in Achtanna an Choiste Ghairmoideachais, 1930-2001, ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna thuasluaite seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCoiste Gairmoideachais.

- (2) Slánóidh an Coiste Gairmoideachais bord agus múinteoirí agus foireann eile na scoile i leith caingne, nó éileamh de chineál ar bith a dhéantar ina gcoinne ag éirí as feidhmiú ceart a ndualgas i leith na mac léinn nó a mhalairt.
- (3) Beidh a árachas féin ag an gCoiste Gairmoideachais i leith cuairteoirí, tuismitheoirí agus ball eile den phobal a mbeidh cead faighte acu ón mbord nó ón Aire bheith ar áitreabh scoile i leith na rioscaí a d'fhéadfadh siad bheith faoina lé agus iad á n-iompar féin ar bhealach atá ceart agus normálta ar an áitreabh sin.
- (4) Slánóidh an Coiste Gairmoideachais bord agus múinteoirí agus foireann eile na scoile i leith éileamh a ndéanfaidh cuairteoirí, tuismitheoirí nó baill eile den phobal, a bhíonn ar an áitreabh scoile gan cead, nuair a dhéantar na héilimh sin i gcúinsí nach léiríonn faillí nó gníomh éagórach de chuid an bhoird nó de chuid bhaill na foirne a bhfuil na héilimh sin á ndéanamh ina gcoinne.

19. Cumann na dTuismitheoirí

- (1) Féadfaidh tuismitheoirí mac léinn sa scoil cumann tuismitheoirí don scoil sin a bhunú agus a chothabháil as measc a lín agus beidh an ceart ag tuismitheoirí uile mhic léinn na scoile sin a bheith ina gcomhaltaí den chumann sin.
- (2) Déanfaidh cumann tuismitheoirí leasanna na mac léinn i scoil a chur chun cinn i gcomhar le bord, le Príomhoide, le múinteoirí agus le mic léinn na scoile agus, chun na críche sin, féadfaidh sé—
- (a) comhairle a thabhairt don Phríomhoide nó don bhord maidir le haon ní a bhaineann leis an scoil agus beidh aird ag an bPríomhoide nó ag an mbord, de réir mar a bheidh, ar aon chomhairle den sórt sin, agus
- (b) clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPríomhoide, in oibriú na scoile, a chur chun cinn.
- (3) Déanfaidh an bord teagmháil a chur chun cinn idir an scoil, tuismitheoirí mac léinn sa scoil sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, déanfaidh sé éascaíocht dóibh agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach dóibh agus do chumann tuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe.
- (4) (a) Déanfaidh cumann tuismitheoirí, tar éis dul i gcomhairle lena chomhaltaí, rialacha lena rialófar a chruinnithe agus a ghnó agus seoladh a ghnóthaí.

(b) Más rud é go mbeidh cumann tuismitheoirí cleamhnaithe le cumann náisiúnta tuismitheoirí, beidh na rialacha dá dtagraítear i mír (a) i gcomhréir le treoirlínte a bheidh eisithe ag an gcumann náisiúnta tuismitheoirí sin le comhthoiliú an Aire.

20. Eolas do Mhic Léinn agus do Chomhairle Mac Léinn

- (1) Déanfaidh bord nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun faisnéis a thabhairt do mhic léinn i scoil maidir le gníomhaíochtaí na scoile.
- (2) Maidir leis na nósanna imeachta a bhunófar agus a chothabhálfar faoi fho-alt (1), éascóidh siad páirteachas na mac léinn in oibriú na scoile, ag féachaint d'aois agus do thaithí na mac léinn, in éineacht lena dtuismitheoirí agus lena múinteoirí.
- (3) Féadfaidh mic léinn comhairle mac léinn a bhunú agus, gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), spreagfaidh bord iar-bhunscoile na mic léinn chun comhairle mac léinn a bhunú agus déanfaidh sé éascaíocht, agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach—
 - (a) do mhic léinn ar mian leo comhairle mac léinn a bhunú, agus
 - (b) do chomhairlí mac léinn nuair a bheidh siad bunaithe.
- (4) Déanfaidh comhairle mac léinn leasanna na scoile agus páirteachas mac léinn i ngnóthaí na scoile a chur chun cinn, i gcomhar leis an mbord, leis na tuismitheoirí agus leis na múinteoirí.
- (5) Is é an bord a tharraingeoidh suas na rialacha le haghaidh comhairle mac léinn a bhunú, i gcomhréir le cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire ó am go ham, agus féadfaidh na rialacha sin socrú a bheith iontu le haghaidh comhaltaí a thoghadh agus comhairle mac léinn a dhíscaoileadh.
- (6) Féadfaidh comhairle mac léinn, tar éis dul i gcomhairle leis an mbord, rialacha a dhéanamh lena rialófar a cruinnithe agus a gnó agus seoladh a gnóthaí.

21. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta Eile faoi Ailt 28.

Faoi réir ailt 28 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire nósanna imeachta a fhorordú chun gearáin mic léinn nó a dtuismitheoirí a réiteach.

22. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí

Faoi réir ailt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfar achomhairc a dhéanamh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais i leith cinnidh de chuid boird i leith mac léinn a dhíbirt nó a fhionraí nó diúltú le mac léinn a rollú i scoil. Déanfar achomhairc i leith cinnidh de chuid bord i scoil arna bunadh nó arna cothabháil ag an gCoiste Gairmoideachais sa chéad áit chuig an gCoiste Gairmoideachais agus ina dhiaidh sin chuig an Ard-Rúnaí de bhun fhorálacha ailt 29.

23. Curaclam

(1) Faoi réir alt 30 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle le pátrúin scoileanna, le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn aitheanta agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí, de réir mar is cuí leis an Aire, an curaclam do scoileanna aitheanta a fhorordú, eadhon—

(a) na hábhair a bheidh le tairiscint i scoileanna aitheanta,

(b) siollabas gach ábhair,

(c) an méid ama teagaisc a thabharfar do gach ábhar, agus

(d) an soláthar treorach agus comhairliúcháin a bheidh le tairiscint i scoileanna.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1)—

(a) beidh aird ag an Aire ar a inmhianaithe atá sé cabhrú le scoileanna a gcumhachtaí a fheidhmiú de réir mar a fhoráiltear faoi fho-alt (4),

(b) beidh aird ag an Aire ar spiorad sainiúil scoile nó aicme scoile le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú,

(c) féadfaidh an tAire ordacháin a thabhairt do scoileanna, i gcás inar cuí leis nó léi é, a chinntiú go bhfuil na hábhair agus na siollabais a leantar sna scoileanna sin cuí agus oiriúnach do riachtanais oideachais agus ghairme na mac léinn sna scoileanna sin,

(d) cinnteoidh an tAire, maidir leis an méid ama teagaisc a thabharfar d'ábhair ar an gcuraclam de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach lá scoile, gur méid é a fhágfaidh gur féidir cibé am réasúnach teagaisc a chinnfidh an bord le toiliú an phátrúin a thabhairt d'ábhair a bhaineann le spiorad sainiúil na scoile nó a éiríonn as an spiorad sin, agus

(e) ní cheanglóidh an tAire ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias tuismitheoir an mhic léinn

nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

(3) Féadfaidh an tAire—

(a) dul i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus le cibé daoine eile nó comhlachtaí eile daoine is cuí leis an Aire maidir le haon ní a bhaineann leis an gcuraclam do scoileanna aitheanta, agus

(b) cibé comhlachtaí daoine is cuí leis an Aire a bhunú chun taighde a sheoladh agus comhairle a thabhairt dó nó di maidir le nithe a bhaineann lena dhualgais nó lena dualgais faoin alt seo.

(4) Féadfaidh scoil, faoi réir an cheanglais go ndéanfar an curaclam arna chinneadh ag an Aire a mhúineadh sa scoil sin, cúrsaí teagaisc a chur ar fáil i cibé ábhair eile is cuí leis an mbord.

24. Múineadh trí Ghaeilge

Faoi réir alt 31 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire soláthar speisialta a dhéanamh do (a) mhúineadh na Gaeilge, (b) soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus (c) riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta.

25. Míbhuntáiste Oideachais

De réir alt 32 an Achta Oideachais, 1998, déanfaidh an tAire socruithe speisialta do chomhairle maidir leis na beartais agus na straitéis a nglacfar leo d'fhonn míbhuntáiste oideachais a aithint agus a leigheas.

26. Riachtanais Speisialta Oideachais

Déanann an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta, 2004, tuilleadh forála d'oideachas mac léinn le riachtanais speisialta agus, i measc rudaí eile, sonraíonn sé dualgais agus feidhmeanna bhoird, Phríomhoide agus Foirne i ndáil leis sin.

27. Oifigeach Leasa Oideachais

Cuireann alt 11 an Achta Oideachais (Leasa), 2000 ceanglas ar an mbord, ar an bPríomhoide agus ar fhoireann scoil aitheanta gach cuidiú a sholáthar is a d'fhéadfadh oifigeach leas oideachais a éileamh agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais.

28. Iontráil Mhic Léinn

Sonraíonn Alt 19 an Achta Oideachas (Leasa), 2000, na ceanglais agus feidhmeanna bhoird scoile i ndáil le hiontráil mhac léinn chuig scoil aitheanta.

29. Taifid Tinreamh Scoile

Sonraíonn Alt 21 an Achta Oideachais (Leasa) 2000, dualgais don Phríomhoide agus do bhord na scoile maidir le taifid tinreamh scoile do gach mac léinn cláraithe, eolas atá le seoladh chuig an oifigeach leas oideachais i gcásanna áirithe, agus tuarascálacha bliantúla maidir le leibhéal tinrimh.

30. Straitéisí maidir le Tinreamh Scoile

De réir alt 22 an Achta Oideachais (Leasa), 2000, ullmhóidh bord coláiste, tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí atá ag múineadh sa choláiste, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa choláiste, agus leis an oifigeach leas oideachais go bhfuil feidhmeanna dá chuid nó dá cuid sannaithe don choláiste sin, ráiteas faoi na straitéis agus na bearta a ghlacfaidh an coláiste chuige chun críocha meas ar fhoghlaim a chothú i measc na mac léinn atá ag freastal ar an gcoláiste agus tinreamh rialta ar an gcoláiste a spreagadh i measc na mac léinn sin agus cuirfidh se an ráiteas faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais. Ullmhófar an ráiteas straitéise agus cuirfear i bhfeidhm é de réir na forálacha d'alt 22 den Acht 2000, agus cuirfear san áireamh é sa phlean scoile a bhfuil foráil déanta dó in alt 7 de na hairteagail seo agus in alt 21 d'Acht Oideachais 1998.

31. Cód Iompair

(1) De réir alt 23 an Achta Oideachais (Leasa), 2000, ullmhóidh bord scoile, tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí atá ag múineadh sa scoil, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa scoil, agus leis an oifigeach leas oideachais go bhfuil feidhmeanna dá chuid nó dá cuid sannaithe don scoil sin, cód iompair i ndáil leis na mic léinn atá cláraithe sa scoil sin de bhun fo-alt (2) d'alt 23 den Acht 2000.

(2) Sonróidh an cód iompair:-

- a) na caighdeáin iompair a chomhlíonfaidh gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;
- b) na bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh nuair a theipeann ar mhac léinn nó nuair a diúltaíonn mac léinn na caighdeáin sin a choinneáil;
- c) na nósanna imeachta a leanfar sular féidir mac léinn a chur ar fionraí nó a chaitheamh amach ón scoil i gceist;
- d) na forais a úsáidfear le fionraí a bhaint a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le mac léinn; agus
- e) nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le neamhláithreachtaí linbh ón scoil a fhógairt.

(3) Ullmhófar cód iompair de réir a leithéid de threoirlínte is a d'fhéadfadh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais a eisiúint.

(4) Sula gclárófar leanbh mar mhac léinn sa scoil sin, tabharfaidh Príomhoide na scoile de réir alt 20 d'Acht na bliana 2000, cóip den chód iompair i ndáil leis an scoil do na tuismitheoirí agus mar choinníoll clárúcháin an linbh d'fhéadfadh an príomhoide iarraidh ar a tuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí deimhniú i scríbhinn go nglacfaidh siad leis an gcód iompair a tugadh dóibh agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach chun a cinntiú go gcloífidh an leanbh leis an gcód.

(5) Ar iarratas ó mhac léinn cláraithe sa scoil nó ó tuismitheoir aon mhac léinn cláraithe sa scoil, tabharfaidh Príomhoide scoile cóip den chód iompair don tuismitheoir nó don mhac léinn sin i ndáil leis an scoil i gceist.

32. Mac Léinn a dhíbirt as scoil aitheanta

Sonraíonn alt 24 den Acht Oideachais (Leasa) 2000, dualgais an bhoird nó dhuine atá ag feidhmiú ar a shon maidir le mac léinn a dhíbirt.

Cuid a Trí: Bord Bainistíochta Coláiste Phobail

Sanntar feidhmeanna bainistíochta i gcuid (A) agus i gcuid (B) ach amháin cúrsaí pearsanta, do bhord ina cháil mar fho-choiste arna bhunú ag an gCGO de réir na reachtaíochta ábhartha.

(A) Ionstraim Bhainistíochta

1. Feidhmeanna Coláiste

(2) De réir ailt 9 an Achta Oideachais, 1998, cuirfidh coláiste aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

- (a) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais oideachais gach mic léinn, lena n-áirítear iad sin atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, a shainaitheint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,
- (b) chun a chinntiú, maidir leis an oideachas a chuireann sí ar fáil, go ndéanann sé freastal ar cheanglais an bheartais oideachais mar a chinnfidh an tAire é ó am go ham, lena n-áirítear ceanglais i dtaca le soláthar curaclaim mar a fhorordóidh an tAire,
- (c) chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme,
- (d) chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad saineiúil na scoile,
- (e) chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do mhic léinn agus d'fhoireann na scoile, idir fhireannaigh agus bhaineannaigh,
- (f) chun forbairt na Gaeilge agus thraidisiúin na hÉireann, litríocht na hÉireann, na healaíona agus nithe cultúrtha eile, a chur chun cinn,
- (g) chun a chinntiú go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí mic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an mac léinn, ar thaifid a choimeádann an scoil sin i ndáil le dul chun cinn an mhic léinn sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas,
- (h) i gcás coláistí atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,
- (i) chun a cuid gníomhaíochtaí a sheoladh de réir aon rialachán a dhéanfaidh an tAire ó am go ham,
- (j) chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d'fheidhmeanna bainistíochta agus riachtanais forbartha na foirne i gcoitinne sa choláiste a shainaitheint agus go ndéanfar soláthar faoina gcomhair,
- (k) chun córais a bhunú agus a chothabháil lena bhféadfar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú, lena n-áirítear cáilíocht agus éifeachtacht na múinteoireachta sa choláiste agus leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla mac léinn,

- (l) chun teagmhálacha a bhunú nó a chothabháil le coláistí eile agus ag leibhéil chuí eile ar fud an phobail dá bhfónann an coláiste, agus
- (m) faoi réir an Achta, chun beartas i dtaca le ligean isteach a bhunú agus a chothabháil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an gcoláiste,
- (n) chun deiseanna oideachais do dhaoine a chónaíonn sa cheantar a chur chun cinn a mhéid agus is indéanta le réasún de réir beartais náisiúnta i ndáil le foghlaim fhad-shaoil.

2. An Chigireacht

Beidh feidhm ag forálacha ailt 13 an Achta Oideachais, 1998, de réir mar is cuí, maidir le coláistí atá faoi phátrúnacht an CGO.

3. Bunú Boird

(1) Is é an CGO an comhlacht corpraithe do gach choláiste a bunaíodh nó atá á gcothabháil faoina phátrúnacht de réir ailt 7 an Achta Oideachais Ghairme Beatha, 1930 agus de réir ailt 14 (2) an Achta Oideachais, 1998.

(2) Is é dualgas an CGO agus é ina phátrún chun a chinntiú go ndéanfar gach coláiste dá chuid a bhainistiú le meon comhpháirtíochta, bord a cheapadh gur comhaontaíodh a chomhdhéanamh idir na CGO, cumainn náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile, ceardchumainn aitheanta agus comhlachais foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus an tAire.

(3) Bunófar bord atá comhdhéanta de réir mar a foráiltear sna hionstraimí agus sna hailt bainistíochta, faoi Chuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus faoi alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(4) I gcás boird a bunaíodh faoi Chuid IV Achta na bliana 1998 agus faoi alt 31 (1) Achta na bliana 2001, ní bheidh níos mó ná 12 chomhalta air agus is féidir le cuid de na comhaltaí a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist agus le cuid eile gan a bheith ina mbaill den CGO atá i gceist.

(5) Is é an CGO a cheapfaidh comhaltaí an bhoird go foirmiúil ina cháil mar phátrún an choláiste ach amháin mar a fhoráilann airteagail bhainistíochta a mhalairt.

(6) Déanfar comhaltaí nua boird a ainmniú agus a thoghadh 14 lá féilire ar a laghad, roimh dháta éagtha na tréimhse oifige atá ag an mbord reatha agus rachaidh bord atá comhdhéanta dá réir i mbun oifige ar an dáta éagtha sin láithreach. Má thoghtar CGO nua, áfach, beidh éifeacht ag bord nua ar a bheith comhdhéanta ag CGO dá shórt. Beidh na socrúithe seo de réir na nósanna imeachta sna hionstraimí agus sna hairteagail bhainistíochta faoi seach gach uile thráth.

(7) Beidh comhaltaí reatha nó iarchomhaltaí cáilithe chun a n-ainmnithe nó chun a dtoga ar choinníoll gur choinnigh siad a geuid cáilíochtaí maidir le hainmniú nó toghchán dá shórt.

(8) Déanfaidh an tAire, le comhaontú an CGO, cumann náisiúnta tuismitheoirí, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus ceardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí, nithe a fhorordú a bhaineann le ceapachán boird.

(9) Le linn don CGO ceapacháin a dhéanamh chuig bord a bhunófar de réir Coda IV Achta na bliana 1998, agus ailt 31 Achta na bliana 2001, déanfaidh sé de réir ordachán a bheidh tugtha ag an Aire i ndáil le cothromaíocht chuí inscne.

(10) Faoi mar a fhoráiltear in Acht na bliana 1998 alt 14 (7) agus sna hAchtanna Oideachais Ghairme Beatha 1930-2001, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna thuas nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCGO.

(11) I gcás go gcinneadh an CGO nach bhfuil sé indéanta bord a cheapadh de réir Coda IV agus de réir ailt 31, cuirfidh an CGO an méid sin agus na cúiseanna a bhí leis in iúl, tráth an chinnidh sin, do thuismitheoirí mac léinn, do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile na scoile agus don Aire agus, dá éis sin, mura gceapfar bord amhlaidh, déanfaidh an CGO, ó am go ham nó de réir mar a iarrfaidh an tAire, na cúiseanna atá leis sin a chur in iúl do na tuismitheoirí, do na múinteoirí agus don fhoireann eile, agus don Aire.

4. Ballraíocht Bhoird

(1) Ní bheidh níos mó ná 12 chomhalta ar bhord coláiste arna ainmniú nó arna toghadh de réir mar a leagtar síos anseo thíos:

(a) Ainmneoidh an CGO trí/ceithre comhaltaí (gur baill den CGO beirt díobh ar a laghad). Tabharfar ‘Ainmnithe an Choiste’ ar na comhaltaí a ainmníodh mar seo mar anseo ina dhiaidh seo,

(b) Ainmneoidh an tEaspag/ an t-iontaobhaí páirtnéara sa deoise nó i gceantar an choláiste triúr comhalta. Tabharfar ‘Ainmnithe an Easpaig nó Ainmnithe an iontaobhaí’ ar na comhaltaí a ainmníodh mar seo mar anseo ina dhiaidh seo mar is cuí,

(c) Féachfaidh an CGO ar ionadaíocht reiligiúnach eile ar an mbord má gheibhtear iarratais ar ionadaíocht. Tabharfar ‘Ainmní Reiligiúnach eile’ ar an gcomhalta a ainmníodh mar seo mar anseo ina dhiaidh seo,

(d) Toghfaidh tuismitheoirí na mac léinn atá cláraithe sa choláiste faoi láthair beirt tuismitheoir, bean amháin agus fear amháin, trí phróiseas a eagróidh bainistíocht an choláiste. Tabharfar “Ionadaithe na dtuismitheoirí” ar na tuismitheoirí a thoghfar mar seo anseo ina dhiaidh seo,

(e) Toghfaidh na múinteoirí go léir atá ag obair sa choláiste ag an am agus atá ag feidhmiú mar chomhlacht amháin chun críocha toghcháin dá shórt dhá bhall den bhfoireann mhúinteoireachta, bean amháin agus fear amháin. Tabharfar “Ionadaithe na múinteoirí” ar na múinteoirí a thoghfar mar seo anseo ina dhiaidh seo,

(f) Ar ócáid bhunú boird nua nó ar dháta ina dhiaidh sin, féadfaidh bord ionadaí a ainmniú as bunscoileanna i gceantar an choláiste nó as comhlachais/eagraíochtaí áitiúla nó as mic léinn atá os cionn 18 mbliana atá cláraithe sa choláiste faoi láthair, chun áit amháin bhreise a líonadh le ceadú an CGO. Tabharfar “Ainmní an Bhoird” ar an duine atá ainmnithe mar seo anseo ina dhiaidh seo,

(g) Lasmuigh den méid atá arna fhoráil thuas i (d) agus i (e) cheana féin léireofar meas ar chothromaíocht inscne agus déanfar de réir stiúradh an Aire ina thaobh seo i gcomhdhéanamh boird scoile.

5. Tréimhse Oifige Boird

(1) Measfar go mbíonn tréimhse oifige boird istigh de ghnáth ar an 30ú lá de mhí Mheán Fómhair sa tréimhse bliain tar éis don bhord nua dul i mbun oifige, é sin, nó leanfaidh sí le linn tréimhse oifige an CGO, pé acu is giorra.

(2) Beidh na comhaltaí a ainmníodh agus a toghadh de réir na n-ionstraimí agus de réir na n-airteagal bainistíochta ina gcomhaltaí ar feadh tréimhse oifige boird ach amháin mar a fhorordaítear in ailt 7, 10 agus 11 thíos.

6. Folúntas i mBallraíocht Bhoird

Líonfar folúntas a bheidh i mballraíocht boird d’fhuilleach na tréimhse oifige trí cheapachán a dhéanfaidh an CGO. Ceapfaidh an CGO comhalta a ainmníodh nó a toghadh ag an eagraíocht a d’ainmnigh nó a thogh an duine a scoir de bheith ina chomhalta nó ina comhalta.

7. Foirceannadh Ballraíochta

(1) Scoirfidh aon chomhalta boird de bheith ina chomhalta nó ina comhalta boird má tá sé nó sí as láthair ag gach cruinniú boird ar feadh tréimhse bliana ach amháin ar chúiseanna atá faofa ag an mbord, nó mura bhfuil ar a chumas nó ar a cumas gníomhú nó mura bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a thuilleadh chun a bheith ina chomhalta nó ina comhalta nó a chuireann in iúl i scríbhinn do rúnaí an bhoird gur mian leis nó léi éirí as.

8. Córam i gcomhair Cruinnithe Boird

(1) Beidh gá le híoslíon ceithre chomhalta chun córam a dhéanamh i gcomhair cruinniú boird.

(2) Más rud é nach bhfuil dóthain comhaltaí i láthair chun córam a dhéanamh 15 nóiméid tar éis an ama a socraíodh do chruinniú nó más rud é nach gcoinnítear an córam am ar bith i gcaitheamh an chruinnithe nó más rud é nach gcríochnaítear gnó an chruinnithe ag aon chruinniú ar bith cuirfear an cruinniú ar athló gan dáta nua a shocrú agus tionólfar cruinniú speisialta a luaithe atá sé oiriúnach.

(3) Féadfar aon chruinniú ar bith a chur ar athló trí rún.

9. Feidhmeanna Boird

(1) Is é dualgas boird an coláiste a bhainistiú thar ceann an CGO agus i gcomhar leis, agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an gcoláiste a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.

(2) Tá breac-chuntas tugtha ar fheidhmeanna bainistíochta an CGO i gCuid a hAon an Lámhleabhair seo san ionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta.

(3) Glacfaidh bord an scéim oideachais i gcomhair an choláiste laistigh d'acmhainní faofa i ngach bliain agus beidh deis aige cur le seirbhís agus pleananna oideachais an CGO.

(4) Comhallfaidh bord na feidhmeanna a tugadh dó ag Cuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus ag a stádas mar fhochoiste an CGO de réir ailt 31 faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001. Le linn do bhord a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh -

(a) déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,

(b) déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile/coláiste, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh an choláiste agus is saintréithe den choláiste, a chosaint agus beidh sé cuntasach don CGO as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú an choláiste,

(c) rachaidh sé i gcomhairle leis an CGO agus coinneoidh sé ar an eolas é maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird, agus gníomhóidh sé de réir feidhmeanna bainistíochta an bhoird ar a dtugtar breac-chuntas san ionstraim agus sna hairteagail bhainistíochta,

(d) foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mbord agus leis an CGO a bheith cuí, beartas an choláiste i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa choláiste, lena n-áirítear beartas an choláiste i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar choláiste is rogha leis na tuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad sainiúil an choláiste agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,

(e) beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha

agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,

(f) beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil deontas a chuireann an CGO ar fáil chun sochair do mhic léinn sa choláiste), ar leas an phobail i ngnóthaí an choláiste agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don CGO, go háirithe mar a fhoráiltear sna hairteagail bhainistíochta ábhartha agus i nósanna imeachta an CGO, don bhfoireann agus don phobal dá bhfónann an coláiste, agus,

(g) úsáidfidh sé na hacmhainní a chuirfeadh ar fáil don choláiste as airgead a sholáthróidh an CGO chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é agus le ceadú an CGO roimh ré, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.

(5) Déanfaidh bord socrúithe i gcomhair athbhreithnithe, glactha, leasaithe (más cuí) an phlean scoile reatha a luaithe is féidir tar éis a cheaptha, é sin nó déanfaidh sé socrúithe i gcomhair ullmhúcháin phlean (dá ngairtear “an phlean scoile” i mB, alt 7) agus cinnteoidh sé go ndéanfar an phlean a athbhreithniú agus a leasú go rialta.

(6) Chun amhras a sheachaint ní thabharfaidh aon ní agus ní mheasfaidh go dtabharfaí aon ní sna hairteagail seo aon cheart do bhord thar thalamh nó thar fhoirgnimh an choláiste ná haon leas do bhord i dtalamh nó i bhfoirgnimh an choláiste as a bhfuil an bord freagrach.

10. Díscaoileadh ag an gCGO

(1) Faoi réir an ailt seo agus thoiliú an Aire, féadfaidh an CGO

- a. ar chúiseanna maithe bailí, a shonrófar i scríbhinn do chomhalta de bhord, an comhalta sin a chur as an oifig sin, nó
- b. más deimhin leis nó léi nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, an bord sin a dhíscaoileadh.

(2) Más rud é go mbeartaíonn CGO comhalta boird a chur as an oifig sin nó bord a dhíscaoileadh, cuirfidh an CGO in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don chomhalta sin nó don bhord sin go bhfuil ar intinn ag an CGO é sin a dhéanamh agus na cúiseanna atá leis.

(3) Más rud é, ag deireadh tréimhse míosa amháin tar éis dháta an fhógra dá bhforáiltear i bhfo-alt (2), go mbeidh an CGO, tar éis aon uirill a bheidh déanta chuige ag an gcomhalta nó ag bord, nó thar ceann ceachtar acu, a bhreithniú, fós den tuairim gur ceart an comhalta a chur as oifig nó gur ceart an bord a dhíscaoileadh, ansin féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire agus trí fhógra i scríbhinn ina sonrófar a tuairim agus na cúiseanna atá léi, an comhalta a chur as oifig nó an bord a dhíscaoileadh, de réir mar is cuí de bhun ailt 16 an Achta Oideachais, 1998, agus de bhun ailt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

(4) Déanfar cóip de gach fógra a eiseofar faoin alt seo agus aon uiríll a dhéanfar chuig an gCGO a sheachadadh ar an Aire a luaithe is féidir tar éis é a dhéanamh.

(5) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord, féadfaidh an CGO, faoi réir cheadú an Aire, aon duine nó aon chomhlacht daoine is cuí leis an gCGO a cheapadh chun feidhmeanna an bhoird a chomhlíonadh.

(6) I gcás ina gcuirfidh an CGO comhalta de bhord as oifig, déanfar an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 14 (6) Achta na bliana 1998, nó de réir mar a fhoráiltear faoi alt 31 (1) Achta na bliana 2001, (Leasú).

(7) Déanfaidh an CGO socrú, de réir ailt 16 (7) Achta na bliana 1998 chun bord a athbhunú faoi alt 31 Achta na bliana 2001 (Leasú), tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an díscaoilte nó cibé tréimhse is faide ná sin is cuí leis an CGO, le toiliú an Aire, agus nuair a bheidh an bord nua bunaithe, déanfar feidhmeanna an bhoird dhíscaoilte a athdhísiú don bhord nua agus scoirfidh na feidhmeanna sin de bheith ina bhfeidhmeanna de chuid an duine nó an chomhlachta daoine, más ann, a ceapadh faoi fho-alt (5).

11. Díscaoileadh ag Pátrún ar iarraidh ón Aire

(1) Más rud é

(a) gur deimhin leis an Aire nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, nó

(b) go bhfailleoidh bord go toiliúil aon ordú, ordachán nó rialachán ón Aire arna thabhairt nó arna dhéanamh faoin Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh, nó

(e) go mainneoidh bord aon bhreithiúnas nó ordú ó aon chúirt dlínse inniúla a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an CGO an bord a dhíscaoileadh ar chúiseanna a shonrófar san fhógra sin agus díscaoilfidh an CGO an bord dá réir sin a luaithe is féidir tar éis dháta an fhógra sin, de réir ailt 17 Achta na bliana 1998, agus de réir ailt 31 (8) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú) 2001.

(2) Sula seirbheálfadh an tAire fógra mar a fhoráiltear i bhfo-alt (1), cuirfidh sé nó sí in iúl don bhord agus don CGO go bhfuil ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh agus breithneoidh sé nó sí aon uiríll a bheidh déanta chuige nó chuici ag an mbord nó ag an gCGO, nó thar ceann ceachtar díobh, laistigh de mhí amháin ón méid sin a chur in iúl don bhord agus don CGO.

(3) Aon uair a dhíscaoilfidh an CGO bord faoin alt seo, beidh feidhm ag fo-alt (5) agus (7) d'alt 16 an Achta Oideachais, 1998 agus ag fo-alt 1(a) d'alt 31 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001.

12. Cathaoirleach Boird

Ag an chéad chruinniú atá ag comhaltaí boird toghfaidh siad duine dá líon mar chathaoirleach ar a gcuid cruinnithe. Dá éis sin toghfar cathaoirleach ag an chéad chruinniú i ngach bliain, é sin nó má tá folúntas ann. Má bhíonn an cathaoirleach as láthair ó haon chruinniú ar feadh tréimhse 15 nóiméid tar éis an ama atá socraithe go hoifigiúil mar am tosnaithe an chruinnithe toghfaidh na comhaltaí atá i láthair agus go bhfuil ceart vótála acu duine dá líon chun a bheith i gceannas ar an gcruinniú sin sula rachfar i mbun aon ghnó eile. Aon uair a bhíonn líon comhionann vótaí ag beirt nó ag tuilleadh daoine ag toghchán cathaoirligh déanfar duine díobh a thoghadh trí chhrannadh, .i. measfar an duine ar a dtiteann an crann a bheith tofa.

13. Rúnaí Boird

(1) Beidh an Príomhoide ag feidhmiú mar rúnaí an bhoird. Má tá an Príomhoide as láthair freastalóidh an Príomhoide Ionaid ar an gcruinniú agus feidhmeoidh sé nó sí mar rúnaí. Ní bheidh ceart vótála ag rúnaí boird.

(2) Más rud é gur bunaíodh bord sula raibh Príomhoide ceaptha, nó más rud é go bhfuil an Príomhoide nó an Príomhoide Ionaid as láthair nó mura bhfuil siad ar fáil feidhmeoidh an POF nó a ainmní nó a hainmní mar rúnaí de thuras na huaire.

14. Cruinniú Boird

(1) Beidh cruinnithe ag bord go rialta, cúig cinn ar a laghad, i gcaitheamh na bliana scoile agus tionólfaidh sé pé cruinnithe eile a mbeadh gá leo chun a chuid dualgas a gcomhlíonadh.

(2) Ní mór cruinniú boird a thionól ar iarraidh i scríbhinn ó aon chúigear duine dá chomhaltaí.

(3) Beidh de cheart ag an POF nó ag a oifigeach nó a hoifigeach gur tarmligeadh an fheidhm seo chuige nó chuici faoi Alt 16 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001, freastal ar chruinnithe boird ach ní bheidh ceart vótála acu.

(2) Beidh de cheart ag an bPríomh-Chigire nó ag a ainmní nó a hainmní tuairisc a thabhairt d'aon chruinniú boird de réir ailt 13 an Achta Oideachais, 1998.

15. Cruinniú a thionól

(1) Cuirfear fógra chun freastal ar chruinniú boird chuig gach comhalta ag a ghnáth-áit cónaithe nó a gnáth-áit chónaithe tríd an phost nó trí ríomhphost, más cuí, nó fágtar ann é, seacht lá iomlána roimh an gcruinniú ar a laghad. Sonraítear an gnó atá i gceist a bheith á phlé ag an gcruinniú sa bhfógra agus tá síniú an rúnaí leis. Más rud é go dtionólfar cruinniú boird ar iarraidh ó aon chúigear duine de chomhaltaí an bhoird a vótálann, de réir ailt 14, fo-chuid (2) thuas, síneoidh an cúig chomhalta a thionólann

an cruinniú an t-iarraidh réamhráite agus cuirfidh siad in iúl don rúnaí é i scríbhinn. Ina dhiaidh sin eiseoidh an rúnaí fógra cruinnithe de réir mar a fhoráiltear dó thuas.

(2) Taifeadfar ainmneacha na gcomhaltaí a bhíonn i láthair ag cruinniú boird i miontuairiscí an chruinnithe sin.

16. Miontuairiscí

Coinneoidh an rúnaí miontuairiscí ar imeachtaí boird. Beidh na miontuairiscí ar oscailt le hiniúchadh ag an Aire agus ag an CGO agus cuirfidh rúnaí boird cóip de dhréacht na miontuairiscí ar imeachtaí cruinnithe den sórt sin i teannta cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe bhoird roimhe sin lenar glacadh chuig an CGO, agus más Coláiste faoin gComhaontú Eiseamláireach atá i gceist, chuig an Easpag/iontaobhaí páirtnéara, laistigh de sheacht lá tar éis gach cruinnithe bhoird.

17. Rúndacht

Tá gá le rúndacht maidir le gnóthas an bhoird bhainistíochta agus ní cead gnóthas an bhoird a nochtadh go poiblí gan údarás ón mbord sin. Maidir leis seo, moltar do bhoird beartas a fhorbairt chun déileáil le nithe íogair, m. sh. d'fhéadfadh go gcinnfeadh bord tuarascáil chomhaontaithe ar chruinniú a eisiúint.

18. Vótáil

Déanfar gach ceist ag cruinniú boird a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist ach amháin mar a fhoráiltear in alt 20 na hionstraime seo. I gcás comhionannas vótaí beidh dara vóta nó vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe ach amháin sa chás gurb é toghchán Cathaoirleach an bhoird féin a bheidh i gceist.

19. Comhaltaí Boird nach bhfuil leas airgeadais acu sa Scoil

(1) Tá comhaltaí boird faoi réir na gcaighdeán agus na ndualgas eitice céanna agus dá bhforáiltear in Imlitir F11/05 agus i Lámhleabhar an Rialachais Chorparáidigh.

(2) Seachas i gcás aon imthosca faoi leith, le toiliú an Aire i scríbhinn, ní ghlacfaidh aon chomhalta den bhord aon leas in aon mhaoin ná ní bheidh seilbh ag aon chomhalta ar aon mhaoin i seilbh nó in úsáid don scoil nó ní bhfaighidh an comhalta aon luach saothair ar a sheirbhísí nó ar a seirbhísí mar chomhalta den bhord, nó ní bheidh leas aige nó aici i soláthar oibre nó earraí chuig an scoil nó ar a son.

20. Rúin a chealú

Féadfar rún ar bith de chuid an bhoird a chealú nó a athrú ag cruinniú ina dhiaidh sin, más rud é gur tugadh fógra seacht lá ar a laghad i scríbhinn go bhfuil sé beartaithe é sin a chealú nó a athrú, agus go dtabharfar téarmaí an rúin chealaithe nó athraithe i

scríbhinn chuig gach comhalta den bhord. Síneoidh triúr chomhalta den bhord an fógra ar an gcoinníoll gur ritheadh an rún a mholtar a chealú nó a athrú i rith na sé mhí roimhe sin. Ní chealófar aon rún rite ag aon chruinniú den bhord ag aon chruinniú ina dhiaidh sin mura chinnfear a leithéid ag tromlach dhá thrian de na comhaltaí i láthair agus ag vótáil. Ba cheart foráil a bheith déanta d'aon imeachtaí den tsórt seo maidir le cealú i mbuanorduithe boird mar atáid leagtha amach ag an CGO.

21. An Chéad Chruinniú agus Bailíocht Níosanna Imeachta an Bhoird

(1) Ar ócáid bunaithe coláiste glaofaídh an CGO an chéad chruinniú laistigh de mhí amháin tar éis bunú an bhoird.

(2) Ar ócáid bunaithe coláiste, agus más rud é nach mbeidh gach comhalta den bhord tofa nó ainmnithe, feidhmeoidh na comhaltaí mar bhord iomlán faoi chathaoirleach proteim go dtí go bunófar bord iomlán. Nuair a bheidh ballraíocht an bhoird iomlán toghfar an cathaoirleach.

(3) Ní dhéanfar imeachtaí an bhoird neamh-bhailí trí fholúntas a bheith ina bhallraíocht nó trí aon locht ar thoghchán, ar cheapachán nó ar cháilíocht aon chomhalta an bhoird sin.

(B) Airteagail Bhainistíochta

1. Stádas agus Feidhm an Bhoird

(1) Fo-choiste ar a dtabharfar ‘an bord’ a bhainisteoidh an coláiste, arna bhunú faoi alt 31, fo-alt 1(a) den Acht Oideachais Ghairme Beatha (Leasú) 2001 agus de réir fhorálacha Cuid IV an Achta Oideachais, 1998, agus na nAchtanna Oideachais Ghairme Beatha , 1939 go 2001.

(2) Bainfidh an coláiste úsáid as na hacmhainní atá ar fáil di chun rochtain ar chóras cuimsitheach iar-bhunoideachais a chur ar fáil do gach duine óg sa phobal, mar atá sonraithe in (A) alt 1. Soláthróidh an coláiste deiseanna leanúnacha do dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar ag teacht le beartais náisiúnta um fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

2. Airgeadas

(1) Déanfar gnóthaí airgeadais coláiste a bhainistiú agus a sheoladh de réir treoirlínte sárchleachtais mar a leagtar amach iad ag an CGO/ASTC (Aonad Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais) agus comhallfaidh siad na prionsabail agus na caighdeáin ar a dtugtar breac-chuntas i Lámhleabhar an Chóid Rialachais Chorporáidigh.

(2) Coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar theacht isteach agus ar chaitheamh an airgid go léir atá dlite do/faighte agus caite aige, de réir aon treorach a thug an CGO dó. Cinnteoidh an CGO sé go ndéanfaidh bord, i ngach bliain, ioncam agus caiteachas a thuairisciú agus a dheimhniú de réir an chleachtais cuntasaióchta is fearr agus i bhformáid atá sainithe ag an gCGO.

(3) Déanfaidh an coláiste lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an Aire, ag an gCGO, ag an ASTC, ag an ARC&C (Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste) agus sa mhéid a fhoráiltear san Acht Oideachais, 1998, 18 (2), ag tuismitheoirí mac léinn sa choláiste.

(4) Coimeádfaidh bord na cuntais go léir de réir na dtreoracha a thugann an CGO. Cuirfidh bord meastachán, i pé fhoirm a theastódh, ar ioncam agus ar chaiteachas atá ag teastáil don bhliain airgeadais dar gcionn faoi bhráid an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin roimh an 31ú lá de Bhealtaine nó roimh dháta arna shainiú ag an gCGO i ngach bliain. Cuimseoidh scéim airgeadais bhliantúil agus plean seirbhíse an Choiste soláthar cuí de réir deáchleachtas rialachais chorporáidigh agus cuirfear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é.

(5) Ar leithdháileadh bliantúil airgid na Roinne a fháil dó leithdháilfidh an CGO buiséad ar an gcoláiste. Déanfaidh bord caiteachas an bhuiséid fhaofa a phleanáil agus déanfaidh sé maoirseacht air faoi réir go gcomhlíonfar na nósanna imeachta mar atá siad leagtha síos ag an gCGO. Ní ghabhfaidh bord thar an méid atá ceadaithe faoi aon cheann in aon bhliain gan chead roimh ré ón CGO, agus comhlíonfaidh sé gach treoir

a d'fhéadfadh an CGO a thabhairt ó am go ham maidir le gach cuntas, taifead airgeadais agus ráiteas.

(6) Soláthróidh an CGO, ó am go ham, airgead le haghaidh an chuntais mhionairgid go huasmhéid a comhaontaíodh le bord. Tabharfaidh bord údarás do Phríomhoide chun íocaíochtaí mionairgid a dhéanamh thar ceann an choláiste de réir nósanna imeachta airgeadais an CGO.

(7) Íocfaidh an CGO tuarastail foireann múinteoireachta údaraithe lánaimseartha agus páirtaimseartha an choláiste agus tuarastail foirne coláiste nach bhfuil i mbun múinteoireachta de réir rialachán na ROE agus na nósanna imeachta a d'fhorordaigh an CGO. Cinnteoidh bord go gcuirfeadh gach tuairisceán faoi thinrimh/neamhláithreachtaí faoi bhráid an CGO de réir na dtreoracha agus na n-amscálaí arna eisiúint ag an gCGO.

3. Tuairisceáin

Seolfaidh an bord pé tuairisceáin agus tuarascálacha ar aghaidh chuig an gCoiste Gairmoideachais is a éileoidh an Coiste Gairmoideachais agus an tAire ó am go ham.

4. Áitreabh agus Trealamh

(1) Beidh an CGO freagrach as tógáil foirgnimh an choláiste agus as forbairt áitribh an choláiste agus beidh sé freagrach as caiteachas ar threalamh a chuirtear sa choláiste i dtosach (troscán, leabhair agus gléasra sa scoil agus ábhar scoile eile).

(2) Beidh bord freagrach as íoc as cothabháil áitreabh agus talamh an choláiste as an leithdháileadh airgid bliantúil a thugann an CGO di.

(3) Beidh bord freagrach, i gcomhairle leis an bPríomhoide, as deisiúcháin bheaga a dhéanamh agus beidh sé freagrach as leabhair, stáiseanóireacht, troscán, gléasra agus ábhair eile don choláiste a roghnú agus a athchur. Féadfaidh an bord earraí den tsórt sin a ordú laistigh de theorainneacha na meastachán atá ceadaithe ag an gCGO d'aon bhliain agus atá faoi réir pé rialacháin a fhorordóidh an CGO ó am go ham agus féadfaidh an bord a chuid feidhmeanna maidir leis seo a tharmligean don bPríomhoide, faoi réir pé choinníollacha is cuí leo a fhorchur.

(4) Ní dhéanfaidh ach an Príomhoide amháin nó pé duine eile a bheidh ainmnithe ag an bPríomhoide chuige sin admhálacha a dheimhniú ar son trealaimh agus ar son earraí eile a d'ordaíodh chun críocha an choláiste.

(5) Íocfaidh an CGO as caiteachas arna thabhtú go cuí ar thuairisceáin dheimhnithe a fháil ó bhord nó ón bPríomhoide.

(6) Cinnteoidh bord go gcoinneofar taifead (i bhformáid atá faofa ag an gCGO) ar stoc (trealamh, troscán, leabhair, gléasra 7rl) agus go ndéanfar é a athshonrú maidir le bronntanais, sealbhuithe agus diúscairtí. Cuirfidh bord fardal ar stoc atá sa choláiste á dhéanamh gach bliain. Tar éis dó an tuarascáil a bhreithniú déanfaidh sé aighneacht fúithi don gCGO.

(7) Beidh an riocht agus an staid ina bhfuil áitreabh an choláiste ar cheann de na cúraimí a bheidh ar an mbord. Ó thaobh deisiúcháin agus athruithe móra ar áitreabh an choláiste de, beidh an obair faoi réir ag faomhadh roimh ré ón gCGO agus déanfar faoi threoir an CGO í.

(8) Déanfaidh bord cinneadh maidir leis na slite ina n-úsáidfeair foirgnimh nó tailte an choláiste ar mhaithe leis an bpobal i dtráthanna nach gcuireann sé isteach ar obair an choláiste. Ullmhóidh an bord rialúcháin agus coinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le húsáid an áitribh ar mhaithe leis an bpobal agus a bheidh le ceadú ag an gCGO. Beidh na rialúcháin agus coinníollacha faoi réir athruithe ó am go ham le ceadú an CGO. Sna rialúcháin agus coinníollacha féachfar ar shaincheist na gcostas go léir (díreach agus neamhdhíreach) agus ar cheanglais árachais.

5. Tuarascáil maidir le hOibriú Boird

(1) Más rud é go mbeidh an CGO den tuairim nach bhfuil feidhmeanna boird á gcomhall go héifeachtach, cuirfidh an CGO an tuairim sin agus na cúiseanna atá léi in iúl don bhord.

(2) Féadfaidh an CGO nó an tAire, tar éis aon uiríll a bheidh déanta ag an mbord a bhreithniú, aon duine nó daoine is cuí leis an gCGO nó leis an Aire a údarú chun tuarascáil a thabhairt don gCGO nó don Aire, nó don gCGO agus don Aire araon, maidir le haon ní a éireoidh as oibriú an bhoird sin nó a bhaineann leis an oibriú sin.

(3) Aon duine a cheapfar chun tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, beidh sé nó sí i dteideal dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh atá ar áitiú ag an gcoláiste lena mbaineann agus tabharfaidh an bord, an Príomhoide, na múinteoirí agus foireann eile an choláiste gach saoráid agus gach comhoibriú dó nó di, lena n-áirítear rochtain ar gach taifead, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh Príomhoide nó bord cibé faisnéis a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna an bhoird agus a theastóidh ón Aire nó ón gCGO ó am go ham, a chur ar fáil don gCGO agus don Aire.

(5) Más rud é go mbeartaíonn an tAire nó an CGO feidhmeanna a fheidhmiú faoi alt 19 an Achta Oideachais 1998, ansin

(a) cuirfidh an tAire in iúl don gCGO, nó

(b) cuirfidh an CGO in iúl don Aire,

de réir mar is cuí, cén gníomh atá beartaithe.

6. Tuarascáil agus Eolas

(1) Bunóidh bord nósanna imeachta chun tuismitheoirí na mac léinn sa choláiste a chur ar an eolas faoi aon ábhar a bhaineann le hoibriú agus le feidhmíocht an choláiste. D'fhéadfadh foilsiú agus scaipeadh tuairisce ar oibriú agus ar fheidhmíocht an choláiste i aon bhliain scoile ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar bhaill eile foirne agus ar chomhairle na ndaltaí, sa chás gur bunaíodh í, a bheith ar na nósanna imeachta sin, i dteannta tagartha faoi leith do na spriocanna a baineadh amach mar atá sonraithe sa phlean scoile dá bhforáiltear faoi alt 7.

(2) Déanfaidh bord tuarascáil bhliantúil don gCGO agus pé tuarascálacha/faisnéis eile is gá leo de réir na nósanna imeachta mar a cinneadh ag an gCGO iad.

7. An Plean Scoile

(1) Déanfaidh bord socrúithe a luaite is féidir leis tar éis a cheaptha, chun an plean scoile reatha a athbhreithniú nó a leasú (más cuí), é sin nó déanfaidh sé socrúithe chun plean (dá ngairtear 'an plean scoile' sa mhír seo) a ullmhú de réir mar a fhorordaítear in alt 21 an Achta Oideachais, 1998, agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú rialta air agus go n-athshonrófar go rialta é chomh maith.

(2) Cuirfear tacaíocht ó sheirbhís oideachais an Choiste Ghairmoideachais ar fáil don bhord, don Phríomhoide agus d'fhoireann an choláiste agus ullmhú tosaigh agus forbairt tosaigh an phlean scoile á dhéanamh acu.

(3) Sonróidh an plean scoile spriocanna an choláiste a bhaineann le comhionannas rochtana agus rannpháirtíocht sa choláiste agus na bearta a mholfaidh an coláiste chun na spriocanna sin a bhaint amach lena n-áirítear comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta sa choláiste ag mic léinn faoi mhíchumais nó le riachtanais speisialta oideachais eile.

(4) Ullmhófar an plean scoile de réir pé treoracha, lena n-áirítear treoracha a bhaineann le comhchomhairle le tuismitheoirí, foireann agus daltaí an choláiste, a d'fhéadfadh an Coiste Gairmoideachais agus an tAire a thabhairt ó am go ham i ndáil le pleananna scoile.

(5) Déanfaidh bord socrúithe chun cóipeanna den phlean scoile a scaipeadh ar an gCoiste Gairmoideachais, ar mhúinteoirí agus ar fhoireann eile an choláiste.

8. Ceapachán Foirne

(1) De réir ailt 23 an Achta Oideachais, 1998 agus ailt 20 (1), (2) agus (3) an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 tá sé de fhreagracht ar an gCGO Príomhoide, múinteoirí agus foireann eile an choláiste a bunaíodh agus atá á chothabháil ag an gCGO a fhostú agus tá sé de dhualgas ar an bPOF socrúithe a dhéanamh thar ceann an Choiste chun iad a cheapadh.

(2) Déanfar gach post a bhunú faoin gCGO agus ceapfar foireann de réir ailt 20 an Achta Oideachais Ghairme Beatha (Leasú), 2001 agus de réir mar a fhoráiltear faoi Chuid V an Achta Oideachais, 1998.

- (3) Iarrfaidh bord ar an gCGO de réir beartas agus nósanna imeachta arna gcinneadh ag an gCGO maidir le socruithe um sholáthar foirne, foráil a dhéanamh chun Príomhoide agus oiread múinteoirí agus baill fhoirne eile a fhostú sa choláiste a mheasfaidh an bord ó am go ham atá ag teastáil chun a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoi na hailt seo a chomhall.
- (4) Beidh cinneadh an bhoird faoi theideal um sholáthar foirne/leithdháileadh post múinteoireachta ar scoil faoi réir cheadú roimh ré ón bPOF.
- (5) Ceapfaidh an GCO Séiplíneach chuig an gColáiste de réir an Chomhaontaithe Eiseamláirigh.
- (6) Déanfar gach ceapachán de réir forála reachtúla, de réir Imlitreacha ábhartha de chuid na ROE, Meabhrán agus leithdháiltí, de réir nósanna imeachta ábhartha an CGO agus na nAirteagal Bainistíochta ábhartha agus tabharfar aird chuí ar Cháipéis Eolais an CGOÉ chun cabhrú leis na Boird Roghnúcháin.
- (7) Roimh dó/di dualgais phost a ghabháil chuige/chuici síneoidh gach duine a cheapfar conradh/coinníollacha seirbhíse leis an gCGO. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha mar a chinnfidh an tAire iad nó mar a chinnfidh an CGO iad le toiliú an Aire, alt 20 (3) 2001.
- (8) Tar éis phróisis chuí féadann an CGO pé múinteoirí agus pé fhoireann a chur ar fionraí nó a dhífhostú de réir na nósanna imeachta a leagtar síos go reachtúil agus a chomhaontaítear ó am go ham idir an Aire, an CGO, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann agus aon chomhlachas foirne aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile de réir mar is cuí.
- (9) Tá nósanna imeachta roghnúcháin i leith ceapachán foirne agus ardú céime do bhail fhoirne de réir mar atáid sonraithe in Aguisín (ii).

9. Feidhmeanna an Phríomhoide agus na Múinteoirí

- (1) Beidh freagracht ar Phríomhoide agus ar mhúinteoirí aon choláiste faoi phátrúnacht an Choiste Ghairmoideachais de réir na n-airteagal seo, as an teagasc a chuirfear ar fáil do na mic léinn sa scoil agus cabhróidh siad, i gcoitinne, le hoideachas agus forbairt phearsanta na mac léinn sa choláiste sin.
- (2) Gan dochar d'fho-alt (1), déanfaidh an Príomhoide agus na múinteoirí -
- (a) an fhoghlaim a chothú agus a spreagadh i mic léinn.
 - (b) meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí.
 - (c) i dteannta a chéile, comhoibriú idir an coláiste agus an pobal dá bhfónann sé a chur chun cinn agus
 - (d) faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme agus faoi réir a gconartha fostaíochta, na dualgais sin a chomhlíonadh -
 - (i) i gcás múinteoirí a shannfaidh an Príomhoide dóibh nó a sannfar dóibh faoi threoir an Phríomhoide, agus
 - (ii) atá, i gcás an Phríomhoide, sannaithe dó nó di ag an gCGO de réir mar is iomchuí.

10. An Príomhoide

- (1) I dteannta na bhfeidhmeanna de chuid Príomhoide dá bhforáiltear in alt 9 –
 - (a) beidh an Príomhoide freagrach as bainistíocht an choláiste ó lá go lá, lena n-áirítear múinteoirí agus foireann eile an choláiste a threorú agus a stiúradh, agus beidh sé nó sí cuntasach don bhord/Choiste Gairmoideachais as an mbainistíocht sin.
 - (b) Tabharfaidh an Príomhoide ceannaireacht do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile agus do mhic léinn an choláiste,
 - (c) beidh an Príomhoide freagrach, mar aon leis an mbord, le tuismitheoirí mac léinn agus leis na múinteoirí, as timpeallacht cholaiste a chruthú a thacaíonn leis an bhfoghlaim i measc na mac léinn agus a chuireann forbairt ghairmiúil na múinteoirí chun cinn,
 - (d) déanfaidh an Príomhoide, faoi stiúradh an bhoird agus i gcomhairle leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus, a mhéid is cuí dá n-aois agus dá dtaithí, leis na mic léinn, cuspóirí a leagan amach don gcoláiste agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin, agus
 - (e) déanfaidh an Príomhoide tuismitheoirí mac léinn sa choláiste a spreagadh le páirt a ghlacadh in oideachas na mac léinn sin agus i ngnóthú chuspóirí an choláiste.
- (2) Beidh ag Príomhoide, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht Oideachais, 1998 agus faoin Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001 a chomhall, na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chuige sin, agus déanfaidh an Príomhoide a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall de réir cibé beartais a chinnfidh an bord ó am go ham agus de réir rialachán arna ndéanamh de réir Cuid V d'Acht 1998 agus de réir alt 12, 15, 16 agus 20 d'Acht 2001.
- (3) Beidh an Príomhoide i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon choiste agus de gach coiste arna cheapadh ag bord.
- (4) Le linn don Phríomhoide a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú, rachaidh sé nó sí, nuair is indéanta é, i gcomhairle le múinteoirí agus foireann eile an choláiste.

11. Scéim Oideachais

Ullmhóidh an Príomhoide, gach bliain, in am trátha, scéim oideachais don bhliain acadúil dar gcionn agus sonrúidh sé aon mhúinteoirí breise a bheidh ag teastáil. Beidh tacaíocht sheirbhís oideachais an CGO ar fáil don Phríomhoide i leith an ullmhúcháin seo. Cuirfear an scéim oideachais seo faoi bhráid an bhoird le go ndéanfaidh sé breithniú uirthi agus le go gcuirfidh sé ar aghaidh í chuig an gCGO.

12. Eagrú agus Curaclam a Stiúradh

Faoi réir fhorálacha an Aire agus charachtar oideachasúil ginearálta an choláiste agus faoi réir an bheartais agus na fealsúnachta a chinnfidh an CGO, beidh freagracht ar bhord as stiúradh ginearálta eagraithe agus curaclaim an choláiste.

13. Comhairle Foirne

(1)Socróidh bord go mbunófar comhairle foirne, ina mbeidh múinteoirí uile na scoile páirteach faoi chathaoirleacht an Phríomhoide.

(2)Breithneoidh an chomhairle foirne socruithe curaclaim na scoile agus féadfaidh sí moltaí a dhéanamh do bhord maidir le raon na n-ábhar a mhéadú, maidir leis an gclár ama agus maidir le soláthar trealamh scoile.

(3)Féadfaidh comhairle na foirne, nuair a iarrtar uirthi, comhairle a thabhairt do bhord maidir le fadhb oideachasúil nó aon fhadhb eile faoina n-iarrfaí comhairle uirthi. As a stuaim féin, féadfaidh an chomhairle, aighneachtaí a chur faoi bhráid bhoird i dtaca le haon ábhar oideachasúil nó eile a bhaineann leis an scoil.

14. Cruinnithe Foirne

Ba chóir cruinnithe foirne a réachtáil ar na dátaí ab oiriúnaí gur féidir, ar a laghad uair sa téarma.

15. Eagrú Inmheánach agus Smacht

- (1) Faoi réir fhorálacha na n-alt seo agus threoir an bhoird, rialóidh an Príomhoide eagrú inmheánach, bainistíocht agus smacht an choláiste agus déanfaidh sé maoirseacht ar mhúinteoirí agus ar fhoireann eile an choláiste.
- (2) Cinnteoidh an bord, de réir na reachtaíochta cuí, go n-ullmhófar agus go bhfeidhmeofar cód iompair mar a dtagraítear dóibh i mír 31 na n-alt seo i leith na mac léinn atá cláraithe sa choláiste.
- (3) Cinnteoidh an Príomhoide go bhforfheidhmeofar an cód de réir fhorálacha an Achta Oideachais, 1998 agus an Acht Oideachais (Leasa), 2000.

16. Seirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais

- (1) Cuirfidh an Coiste Gairmoideachais a chuid seirbhísí tacaíochta ar fáil don gcoláiste i leith réimsí cosúil le pleanáil agus soláthar oideachais, plean scoile, cúrsaí riaracháin, cúrsaí airgeadais, cúrsaí ailtireachta, oiliúint inseirbhíse, agus rialú stoic, srl.
- (2) Maidir le seo, beidh an pearsanra cuí de chuid an Choiste Ghairmoideachais ar fáil le hoibriú leis an bPríomhoide chun seirbhís oideachais do dhaoine fásta sa phobal a tharraingt suas, trína gcuirfear raon cuimsitheach deiseanna ar fáil i dtaca le hoideachas do dhaoine fásta agus oideachas ar feadh an tsaoil. Ullmhóidh agus costálfadh an Príomhoide, i gcomhar le bord, clár de réir threoirlínte agus nósanna imeachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus an CGO.

17. Cleachtadh agus teagasc reiligiúin

Beidh socruithe ina leith seo de réir Chiorcláin 73/74 nó de réir aon leasuithe a dhéanfar air nó mar a fhoráiltear sa gComhaontú Eiseamláireach, nó ceachtar díobh.

18. Séiplíneach

De réir socraithe reatha an Chomhaontaithe Eiseamláirigh ceapfaidh an CGO séiplíneach arna ainmniú ag an údarás ábhartha reiligiúnach. Fostófar sé nó sí sa choláiste i gcáil lasmuigh den gcuóta. Beidh an Séiplíneach ina bhall nó ina ball foirne lánaimseartha. Ní mór dó nó di riachtanais an CGO agus an údaráis ainmniúcháin a chomhall agus caithfidh sé nó sí cloí le rialacha an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

19. Árachas

- (1) Faoi mar a fhoráiltear i alt 14(7) den Acht Oideachais 1998 agus in Achtanna an Choiste Ghairmoideachais, 1930-2001, ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh

comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun na nAchtanna thuasluaite seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gCGO.

(2) Slánóidh an Coiste Gairmoideachais bord agus múinteoirí agus foireann eile leith caingne, nó éileamh de chineál ar bith a dhéantar ina gcoinne ag éirí as feidhmiú ceart a ndualgas i leith na mac léinn nó a mhalairt.

(3) Beidh a árachas féin ag an gCoiste Gairmoideachais i leith cuairteoirí, tuismitheoirí agus ball eile den phobal a mbeidh cead faighte acu ón mbord nó ón Aire bheith ar áitreabh scoile i leith na rioscaí a d'fhéadfadh siad bheith faoina lé agus iad á n-iompar féin ar bhealach atá ceart agus normálta ar an áitreabh sin.

(4) Slánóidh an Coiste Gairmoideachais bord agus múinteoirí agus foireann eile i leith éileamh a ndéanfaidh cuairteoirí, tuismitheoirí nó baill eile den phobal, a bhíonn ar an áitreabh scoile gan cead, nuair a dhéantar na héilimh sin i gcúinsí nach léiríonn failí nó gníomh éagórach de chuid an bhoird nó de chuid bhaill na foirne a bhfuil na héilimh sin á ndéanamh ina gcoinne.

20. Cumann na dTuismitheoirí

(1) Féadfaidh tuismitheoirí mac léinn sa choláiste cumann tuismitheoirí don gcoláiste sin a bhunú agus a chothabháil as measc a lín agus beidh an ceart ag tuismitheoirí uile mhic léinn an choláiste sin a bheith ina gcomhaltaí den chumann sin.

(2) Déanfaidh cumann tuismitheoirí leasanna na mac léinn i gcoláiste a chur chun cinn i gcomhar le bord, le Príomhoide, le múinteoirí agus le mic léinn an choláiste agus, chun na críche sin, féadfaidh sé—

(a) comhairle a thabhairt don Phríomhoide nó don bhord maidir le haon ní a bhaineann leis an gcoláiste agus beidh aird ag an bPríomhoide nó ag an mbord, de réir mar a bheidh, ar aon chomhairle den sórt sin, agus

(b) clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPríomhoide, in oibriú an choláiste, a chur chun cinn.

(3) Déanfaidh an bord teagmháil a chur chun cinn idir an coláiste, tuismitheoirí mac léinn sa choláiste sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, déanfaidh sé éascaíocht dóibh agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach dóibh agus do chumann tuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe.

(4) (a) Déanfaidh cumann tuismitheoirí, tar éis dul i gcomhairle lena chomhaltaí, rialacha lena rialófar a chruinnithe agus a ghnó agus seoladh a ghnóthaí.

(b) Más rud é go mbeidh cumann tuismitheoirí cleamhnaithe le cumann náisiúnta tuismitheoirí, beidh na rialacha dá dtagraítear i mír (a) i gcomhréir le treoirlínte a bheidh eisithe ag an gcumann náisiúnta tuismitheoirí sin le comhthoiliú an Aire.

21. Eolas do Mhic Léinn agus do Chomhairle Mac Léinn

(1) Déanfaidh bord nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun faisnéis a thabhairt do mhic léinn i gcoláiste maidir le gníomhaíochtaí an choláiste.

(2) Maidir leis na nósanna imeachta a bhunófar agus a chothabhálfar ar faoi fho-alt (1), éascóidh siad páirteachas na mac léinn in oibriú an choláiste, ag féachaint d'aois agus do thaithí na mac léinn, in éineacht lena dtuismitheoirí agus lena múinteoirí.

(3) Féadfaidh mic léinn i gcoláiste comhairle mac léinn a bhunú agus, gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), spreagfaidh bord na mic léinn chun comhairle mac léinn a bhunú agus déanfaidh sé éascaíocht, agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach—

(a) do mhic léinn ar mian leo comhairle mac léinn a bhunú, agus

(b) don chomhairle mac léinn nuair a bheidh sé bunaithe.

(4) Déanfaidh comhairle mac léinn leasanna an choláiste agus páirteachas mac léinn i ngnóthaí an choláiste a chur chun cinn, i gcomhar leis an mbord, leis na tuismitheoirí agus leis na múinteoirí.

(5) Is é an bord a tharraingeoidh suas na rialacha le haghaidh comhairle mac léinn a bhunú, i gcomhréir le cibé treoirlínte a eiseoidh an tAire ó am go ham, agus féadfaidh na rialacha sin socrú a bheith iontu le haghaidh comhaltaí a thoghadh agus comhairle mac léinn a dhíscaoileadh.

(6) Féadfaidh comhairle mac léinn, tar éis dul i gcomhairle leis an mbord, rialacha a dhéanamh lena rialófar a cruinnithe agus a gnó agus seoladh a gnóthaí.

22. Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Nósanna Imeachta Eile faoi Alt 28.

Faoi réir ailt 28 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire nósanna imeachta a fhorordú chun gearáin mic léinn nó a dtuismitheoirí a réiteach.

23. Achomhairc chuig an Ard-Rúnaí

Faoi réir ailt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfar achomhairc a dhéanamh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais i leith cinnidh de chuid boird i leith mac léinn a dhíbirt nó a fhionraí nó diúltú le mac léinn a chlárú. Déanfar achomhairc i leith cinnidh de chuid bord coláiste arna bunú nó arna cothabháil ag an gCoiste Gairmoideachais sa chéad áit chuig an gCoiste Gairmoideachais agus ina dhiaidh sin chuig an Ard-Rúnaí de bhun forálacha ailt 29.

24. Curaclam

(1) Faoi réir alt 30 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle le pátrúin scoileanna, le cumainn náisiúnta tuismitheoirí, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn aitheanta agus comhlachais foirme atá ionadaitheach do mhúinteoirí, de réir mar is cuí leis an Aire, an curaclam do scoileanna aitheanta a fhorordú, eadhon—

- (a) na hábhair a bheidh le tairiscint i scoileanna aitheanta,
- (b) siollabas gach ábhair,
- (c) an méid ama teagaisc a thabharfar do gach ábhar, agus
- (d) an soláthar treorach agus comhairliúcháin a bheidh le tairiscint i scoileanna.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1)—

- (a) beidh aird ag an Aire ar a inmhianaithe atá sé cabhrú le scoileanna a gcumhachtaí a fheidhmiú de réir mar a fhoráiltear faoi fho-alt (4),
- (b) beidh aird ag an Aire ar spiorad sainiúil scoile nó aicme scoile le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a fheidhmiú,
- (c) féadfaidh an tAire ordacháin a thabhairt do scoileanna, i gcás inar cuí leis nó léi é, a chinntiú go bhfuil na hábhair agus na siollabais a leantar sna scoileanna sin cuí agus oiriúnach do riachtanais oideachais agus ghairme na mac léinn sna scoileanna sin,
- (d) cinnteoidh an tAire, maidir leis an méid ama teagaisc a thabharfar d'ábhair ar an gcuraclam de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach lá scoile, gur méid é a fhágfaidh gur féidir cibé am réasúnach teagaisc a chinnfidh an bord le toiliú an phátrúin a thabhairt d'ábhair a bhaineann le spiorad sainiúil na scoile nó a éiríonn as an spiorad sin, agus
- (e) ní cheanglóidh an tAire ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn

nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

(3) Féadfaidh an tAire—

(a) dul i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus le cibé daoine eile nó comhlachtaí eile daoine is cuí leis an Aire maidir le haon ní a bhaineann leis an gcuraclam do scoileanna aitheanta, agus

(b) cibé comhlachtaí daoine is cuí leis an Aire a bhunú chun taighde a sheoladh agus comhairle a thabhairt dó nó di maidir le nithe a bhaineann lena dhualgais nó lena dualgais faoin alt seo.

(4) Féadfaidh coláiste, faoi réir an cheanglais go ndéanfar an curaclam arna chinneadh ag an Aire a mhúineadh sa choláiste sin, cúrsaí teagaisc a chur ar fáil i cibé ábhair eile is cuí leis an mbord.

25. Múineadh trí Ghaeilge

Faoi réir alt 31 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh an tAire soláthar speisialta a dhéanamh do (a) mhúineadh na Gaeilge, (b) soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus (c) riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta.

26. Míbhuntáiste Oideachais

De réir alt 32 an Achta Oideachais, 1998, déanfaidh an tAire socruithe speisialta do chomhairle maidir leis na beartais agus na straitéis a nglacfar leo d'fhonn míbhuntáiste oideachais a aithint agus a leigheas.

27. Riachtanais Speisialta Oideachais

Déanann an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta, 2004, tuilleadh forála d'oideachas mac léinn le riachtanais speisialta agus, i measc rudaí eile, sonraíonn sé dualgais agus feidhmeanna boird, Phríomhoide agus Foirne i ndáil leis sin.

28. Oifigeach Leasa Oideachais

Cuireann alt 11 an Achta Oideachais (Leasa), 2000 ceanglas ar an mbord, ar an bPríomhoide agus ar fhoireann choláiste aitheanta gach cúnaimh a sholáthar is a

d'fhéadfadh oifigeach leas oideachais a éileamh agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais.

29. Iontráil Mhic Léinn

Sonraíonn Alt 19 an Achta Oideachas (Leasa), 2000, na ceanglais agus feidhmeanna boird choláiste i ndáil le hiontráil mhac léinn chuig coláiste aitheanta.

30. Taifid Tinreamh Scoile

Sonraíonn Alt 21 an Achta Oideachais (Leasa) 2000, dualgais don Phríomhoide agus do bhord an choláiste maidir le taifid tinreamh scoile do gach mac léinn cláraithe, eolas atá le seoladh chuig an oifigeach leas oideachais i gcásanna áirithe, agus tuarascálacha bliantúla maidir le leibhéil tinrimh.

31. Straitéisí Tinreamh Scoile

De réir alt 22 an Achta Oideachais (Leasa), 2000, ullmhóidh bord coláiste, tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí atá ag múineadh sa choláiste, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa choláiste, agus leis an oifigeach leas oideachais go bhfuil feidhmeanna dá chuid nó dá cuid sannaithe don choláiste sin, ráiteas faoi na straitéis agus na bearta a ghlacfaidh an coláiste chuige chun críocha meas ar fhoghlaim a chothú i measc na mac léinn atá ag freastal ar an gcoláiste agus tinreamh rialta ar an gcoláiste a spreagadh i measc na mac léinn sin agus cuirfidh se an ráiteas faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais. Ullmhófar an ráiteas straitéise agus cuirfear i bhfeidhm é de réir na forálacha d'alt 22 den Acht 2000, agus cuirfear san áireamh é sa phlean scoile a bhfuil foráil déanta dó in alt 7 de na hairteagail seo agus in alt 21 d'Acht Oideachais 1998.

32. Cód Iompair

(1) De réir alt 23 an Achta Oideachais (Leasa), 2000, ullmhóidh bord coláiste, tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, leis na múinteoirí atá ag múineadh sa choláiste, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe sa choláiste, agus leis an oifigeach leas oideachais go bhfuil feidhmeanna dá chuid nó dá cuid sannaithe don choláiste sin, cód iompair i ndáil leis na mic léinn atá cláraithe sa choláiste sin de bhun fo-alt (2) d'alt 23 den Acht 2000.

(2) Sonróidh an cód iompair:-

- a) na caighdeáin iompair a chomhlíonfaidh gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;
- b) na bearta a d'fhéadfaí a ghlacadh nuair a theipeann ar mhac léinn nó nuair a diúltaíonn mac léinn na caighdeáin sin a choinneáil;
- c) na nósanna imeachta a leanfar sular féidir mac léinn a chur ar fionraí nó a chaitheamh amach ón scoil i gceist;
- d) na forais a úsáidfear le fionraí a bhaint a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le mac léinn; agus

e) nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le neamhláithreacht linbh ón scoil a fhógairt.

(3) Ullmhófar cód iompair de réir a leithéid de threoirlínte is a d'fhéadfadh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais a eisiúint.

(4) Sula glárófar leanbh mar mhac léinn i gcoláiste, tabharfaidh Príomhoide an choláiste sin de réir alt 20 d'Acht na bliana 2000, cóip den chód iompair i ndáil leis an gcoláiste do na tuismitheoirí agus mar choinníoll clárúcháin an linbh d'fhéadfadh an príomhoide iarraidh ar a tuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí deimhniú i scríbhinn go nglacfaidh siad leis an gcód iompair a tugadh dóibh agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach chun a cinntiú go gcloífadh an leanbh leis an gcód.

(5) Ar iarratas ó mhac léinn atá cláraithe sa choláiste nó ó thuismitheoir aon mhic léinn atá cláraithe sa choláiste, tabharfaidh Príomhoide coláiste cóip den chód iompair don tuismitheoir nó don mhac léinn, de réir mar a bheidh, i ndáil leis an scoil atá i gceist.

33. Mac Léinn a dhíbirt as scoil aitheanta

Sonraíonn alt 24 den Acht Oideachais (Leasa), 2000, dualgais an bhoird nó dualgais dhuine atá ag feidhmiú ar a shon maidir le mac léinn a dhíbirt sa an scoil.